ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

TUARASCÁIL BLIANTÚIL AGUS CUNTAS 2011

www.bai.ie

Údarás Craolacháin na hÉireann
2-5 Warrington Place, Dublin 2, Ireland
T: + 353 (0)1 644 1200
F: + 353 (0)1 644 1299

www.bai.ie BAItweets BAIreland

Clár na nÁbhar

Misean | Fís	02
Eolas Fúinn	03
Ráiteas an Chathaoirligh	04
Súil Siar leis an bPríomhfheidhmeannach	08
An tÚdarás	10
An Coiste um Dheonú Conarthaí	11
An Coiste um Chomhlíonadh	12
Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann an BAI	13
Ilchineálacht a Chinntiú	16
Iolarthacht a Chinntiú	24
Tionchar a Imirt agus Cumarsáid a Dhéanamh	28
Follasacht agus Freagracht na gCraoltóirí a Neartú	32
Éascaíocht a Dhéanamh don Fhoghlaim agus Don Fhorbairt san Earnáil Chraolacháin	40
Craolachán Freagrach a Chur chun Cinn agus an Lucht Éisteachta/Féachana a Chumasú	42
Rialachas agus Forbairt na Heagraíochta	48
Údarás Craolacháin na hÉireann: Ráitis Airgeadais	53
An Ciste Craolacháin: Ráitis Airgeadais	80

MISEAN

Is é Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) rialálaí craolacháin na hÉireann; is comhlacht reachtúil neamhspleách é, agus rún daingean aige freastal ar mhuintir na hÉireann agus an timpeallacht chraolacháin a rialáil, a mhúnlú agus a chothú dá réir, ionas go mbeidh nádúr comhaimseartha daonlathach na hÉireann le sonrú ar an gcraolachán.

FÍS

Aithnítear gur rialálaí straitéiseach gairmiúil é an BAI, go ndéanann sé freastal ar mhuintir na hÉireann agus a bhfuil de dhíth orthu ó thaobh féachana agus éisteachta de, agus go bhfuil meas air ag an earnáil chraolacháin agus ag páirtithe leasmhara ábhartha eile.

Eolas Fúinn

Tháinig an tAcht Craolacháin (an tAcht) i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2009. Píosa mór tábhachtach reachtaíochta a bhí san Acht – rinneadh an reachtaíocht a bhain le lánas a bhí ann le beagnach 50 bliain roimhe sin a nuashonrú agus a chomhdhlúthú; dá thoradh sin rinneadh dlí an chraolacháin in Éirinn a athchóiriú ó bhonn.

Faoin Acht, bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) chun an lánas sa chraolachán go léir a rialáil, agus ghlac sé leis na róil a bhíodh ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) agus ag an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin (BCC) roimhe sin. Leagtar amach san Acht cuspóirí ginearálta agus cuspóirí sainiúla le haghaidh an BAI agus sonraítear ann go ndéanfaidh na páirteanna éagsúla den eagraíocht, agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu, "iarracht a chinntiú:

- maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh,
- go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch."

Leagtar amach san Acht freisin cuspóirí éagsúla eile don Údarás ar a n-áirítear:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach a spreagadh
- a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhall
- ilchineálacht rialúcháin san earnáil tráchtála agus san earnáil phobail a chur chun cinn
- deimhin a dhéanamh de go ndéanann rialúchán an chraolacháin:
    - iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú
    - comhlíonadh an dlí fostaíochta a chothú
    - leas leanaí a chosaint
    - éascaíocht d'earnáil chraolacháin ina dtugtar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus atá inrochtana ag daoine faoi mhíchumas
    - forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

In 2011, sheol an BAI an chéad Ráiteas Straitéise dá chuid agus tugadh cuntas ansin ar an méid a bhainfear amach sna blianta 2011-2013. Is é sprioc an Ráitis seo deimhin a dhéanamh de go mbeidh lánas nuálach dúchasach ar ardchaighdeán ar fáil do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann. An misean, an fhís agus na luachanna atá ag an BAI, leagtar amach iontu bunphrionsabail oibriúcháin an BAI, agus é de chuspóir acu nádúr comhaimseartha daonlathach shochaí na hÉireann a bheith le sonrú ar an gcraolachán. Tugann na hocht gcuspóir straitéiseacha atá ag an Údarás fócas don eagraíocht ina mhisean: an timpeallacht chraolacháin a rialáil, a mhúnlú agus a chothú ar mhaithe le freastal fónta a dhéanamh ar mhuintir na hÉireann.

I dTuarascáil Bhliantúil an BAI, 2011, baintear úsáid as Ráiteas Straitéise an BAI mar threoir chun tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh a phlean oibre, a eascraíonn as na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach ag an eagraíocht dó féin.

Ráiteas an Chathaoirligh

Ba bhliain dheacair ar bhain éiginnteacht léi í an bhliain atá á breithniú anseo, do chraoltóirí agus do na meáin chumarsáide trí chéile. Tá an éiginnteacht sin i gcónaí ann agus an tuarascáil seo á scríobh. Tá dúshlán leanúnach sna cúinsí geilleagracha atá i réim le tamall de bhlianta, agus cé go mbaineann an-dóchas agus an-chuid féidearthachtaí leis na meáin nua atá ag teacht ar an bhfód, éiríonn ceisteanna bunúsacha dá mbarr i dtaca leis an tsamhail gheilleagrach ar a bhfuil na meáin in Éirinn bunaithe. Beidh tionchar nach beag ag na ceisteanna seo ar an rannpháirtíocht dhaonlathach agus ar lucht déanta polasaithe. Bhí tuiscint ghrinn ag an Údarás ar na nithe sin agus a chuid freagrachtaí á gcomhlíonadh aige in 2011.

De bharr na gcúinsí atá ann faoi láthair, d'iarr roinnt craoltóirí cead na conarthaí a bhí acu a leasú ó thaobh gealltanais dá gcuid a bhain le cláir nó socruithe riaracháin. Sa chás go raibh sé cinnte gur beag an cur isteach a dhéanfadh na hathruithe beartaithe ar na seirbhísí atá ar fáil don lucht féachana/éisteachta, nó nach ndéanfadh na hathruithe sin mórán dochair do raon ná do chaighdeán an aschuir ón gcraoltóir, bhí an tÚdarás sásta géilleadh do na leasuithe a iarradh. I gcásanna áirithe, chinn an tÚdarás go mbeadh de cheart aige an cás a athbhreithniú an athuair amach anseo.

Ní miste a lua go ndearna na craoltóirí, mar a rinne in 2010, tréaniarracht sceidil théagartha a thabhairt slán; rinne siad amhlaidh in ainneoin na ndeacrachtaí geilleagracha agus d'éirigh leo go mion minic gaisce a dhéanamh. Ba chóir a lua freisin gur chomhlíon na craoltóirí go léir, nach mór, an dualgas a bhí orthu an tobhach reachtúil a íoc go pras.

Ceann de na cúraimí a bhí le cur i gcrích faoin Acht Craolacháin 2009 ba ea Straitéis Seirbhísí Craolacháin a ullmhú. Ní dualgas tor riaracháin atá anseo ach athbhreithniú buntábhachtach ar na seirbhísí éagsúla go léir a oireann d'Éirinn anois agus a oirfidh di sna blianta seo romhainn. Is ar an Straitéis a bheidh an chéad Phlean Ceadúnúcháin eile le bunú. Ar na gnéithe ar thug an tÚdarás aird orthu bhí an gaol láidir a bhí cothaithe ag na seirbhísí reatha leis an lucht féachana/éisteacha ar ar fhreastail siad. Rinne sé breithniú cúramach fosta ar a bhuanaithe a bhí an gaol sin agus é a bheith míréasúnach an gaol sin a chur as riocht de bharr aon leagan amach nua a chuirfí ar na saincheadúnais.

Is eol don Údarás go maith go bhfuil an-tionchar go deo ag na deacrachtaí geilleagracha atá ann faoi láthair ar chraoltóirí; mar sin féin, d'fhéach sé chun cinn go dtí an lá a mbeidh na deacrachtaí geilleagracha sin caite, agus rinne a chuid cinntí ar mhaithe leis an raon seirbhísí a bheidh ann i bhfad na haimsire a mhúnlú. Coinníodh, dá bhrí sin, an dáileadh reatha atá ar na seirbhísí áitiúla; sonraíodh solúbthacht bhreise sa chur chuige atá le bheith ag craoltóirí; pléadh bealaí nua a aimsiú chun freastal fónta a dhéanamh ar an lucht féachana/éisteachta agus tugadh ugach do na craoltóirí é sin a dhéanamh; agus pléadh na deiseanna a bheadh ann amach anseo, nuair a thiocfadh biseach ar chúrsaí an tsaoil, tús a chur le seirbhísí nua a mbainfeadh fócas breise leo. Mar chuid den obair seo, rinne an tÚdarás athbhreithniú mion ar a pholasaí um Úinéireacht agus Rialúchán.

Tá leas an phobail, agus leas an lucht féachana/éisteachta, i gcroílár na gcúrsaí seo agus bhí sé sin le sonrú nuair a ullmhaíodh roinnt dréachtchód agus Scéim Cead Freagartha. Agus an tuarascáil seo á scríobh, tá bailchríoch á cur ar na dréachtchóid ach is i rith na bliana atá faoi chaibidil anseo a rinneadh formhór an ullmhúcháin. Baineann ceann acu le cothroime agus oibiachtúlacht sa nuacht agus i gcúrsaí reatha agus tá an dréacht-Chód sin thar a bheith tábhachtach ó thaobh faisnéis neamhchlaonta ar cheisteanna

tábhachtacha a bheith ar fáil don lucht féachana/éisteachta mar aon le cothrom na Féinne a bheith le fáil ag gach aon dream a bhaineann leis an scéal. Tá ómós ag na craoltóirí go léir do na prionsabail sin, ach de thoradh Cód reachtúil a bheith ar fáil, beidh creat ann do lucht déanta clár agus don lucht féachana/éisteachta araon.

Bhain an Cód eile le fógraíocht a dhéantar ar chineálacha áirithe bia do pháistí. D'eascair an obair seo as foráil ar leith atá in Acht 2009; chuir grúpa saineolaithe sláinte a gcuid tuairimí meáite ar fáil agus chuidigh sin go mór leis an obair. Cuireadh an-spéis sa dréacht-Chód seo agus fuaireamar an-chuid aighneachtaí sna comhairliúcháin éagsúla a reáchtáladh ina thaobh; tá torthaí na gcomhairliúchán sin á mbreithniú i gcónaí againn agus an tuarascáil seo á scríobh. Cé nár baineadh aon úsáid fós aisti, b'áis thábhachtach í an Scéim Cead Freagartha agus í ar fáil do dhaoine a chreidfeadh go ndearnadh dochar dá n-oineach nó dá gclú de bharr ábhar míchruinn a bheith craolta.

I rith na bliana, ullmhaíodh Treoir maidir leis an bhformáid a bheadh ar Chód Cleachtas Cóirthrádála do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí. Bunphrionsabal de chuid Threoir an BAI is ea an t-aitheantas a thugtar don obair ríthábhachtach a dhéanann léiritheoirí neamhspleácha agus Craoltóirí Seirbhíse Poiblí araon sa phróiseas a bhaineann le cláir a dhéanamh. Is ann don Treoir chun deimhin a dhéanamh de go dtabharfar aitheantas in aon phróiseas caibidlíochta a bheidh ann don obair a dhéanann an dá pháirtí.Nuair a bheidh na Cóid ar leith a bhaineann le gach Craoltóir Seirbhíse Poiblí ullmhaithe, déanfaidh an tAire iad a bhreithniú, i gcomhairle leis an Údarás.

Tharla rud tábhachtach eile nach miste tagairt a dhéanamh dó: tugadh isteach socruithe nua lena gceadaítear, den chéad uair in Éirinn, úsáid a bhaint as suíomh táirgí ar bhonn íocaíochta i gcatagóirí áirithe clár. Eascraíonn sé seo as an Treoir Eorpach um Sheirbhísí Meán Closamhairc a bheith trasuite i nDlí na hÉireann.

De bharr clár a chraol RTÉ i mí na Bealtaine agraíodh Alt 53 den Acht gar do dheireadh na bliana. Ní dhearnadh aon ghearán i leith an chláir laistigh den tréimhse reachtúil agus, dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoiste um Chomhlíonadh an clár a bhreithniú an tráth sin. Le linn do phróiseas dlíthiúil a bhain le mír de chlár PrimetimeInvestigates a bheith faoi chaibidil san Ard-Chúirt, bhí sé míchuí ag an BAI aon idirghabháil a dhéanamh. Agus an tÚdarás ar tí an cheist a bhreithniú, d'iarr an tAire Cumarsáide ar an gCoiste um Chomhlíonadh a bhreithniú a dhéanamh ar a chuid cumhachtaí a fheidhmiú chun imscrúdú a thionscnamh faoi Alt 53. Thogair an Coiste um Chomhlíonadh tabhairt faoi imscrúdú agus cheap sé Oifigeach Imscrúdaithe neamhspleách lena aghaidh.

Cé gur i dTuarascáil Bhliantúil 2012 a bheidh tuairisc le tabhairt ar fhorthoradh an imscrúdaithe sin, a bhfuil eolas fairsing air faoi seo, is cuí taifead a dhéanamh ar thábhacht na chéad úsáide sin a baineadh as an gcumhacht sin faoi Alt 53. Ba léiriú é ar thábhacht na hanailíse ar na himthosca faoinar ceadaíodh clár áirithe a chraoladh, fiú sa chás go raibh breithiúnas tugtha ag na Cúirteanna cheana féin agus go raibh sé admhaithe ag an gcraoltóir go ndearnadh botúin. Is torthaí tábhachtacha ar an bpróiseas reachtúil iad meastóireacht neamhspleách a bheith déanta ar na codanna uile den chinneadh a dhéantar clár a chraoladh, toradh a mbainfidh an craoltóir tairbhe as; lena chois sin, baineann tábhacht nach beag leis ó thaobh an lucht féachana a chur ar a suaimhneas gur féidir athbhreithniú neamhspleách den sórt sin a dhéanamh.

Chuir an tÚdarás i gcrích arís eile a athbhreithniú ar fheidhmíocht na gcraoltóirí seirbhíse poiblí maidir lena Ráitis Ghealltanas agus maidir le leordhóthanacht an chistithe phoiblí a fhaigheann siad. Ar ndóigh, is obair leanúnach í an obair seo atá idir lámha againn; tá dóchas ag an Údarás go mbeidh, faoi dheireadh 2012, cur chuige ullmhaithe aige a chomhlíonfaidh na dualgais reachtúla atá air féin agus a dhéanfaidh freastal cuí ar na craoltóirí. Cabhrófar leis an bpróiseas seo nuair a dhéanfar an chéad athbhreithniú cúig bliana ar an gcistiú poiblí in 2012.

7% den fháltas ó tháille an cheadúnais teilifíse a aistrítear anois chuig an gCiste Fís & Fuaim. Is mór an tsuim é sin anois agus teacht ag léiritheoirí uirthi; dá barr, tá cláir den scoth á gcur ar fáil go rialta i nGaeilge agus i mBéarla do sceidil na gcraoltóirí, idir chraoltóirí phoiblí, chraoltóirí príobháideacha agus chraoltóirí pobail. Bhí an-aird ag an Údarás ar thorthaí na mbabhtaí éagsúla iarratas agus rinne sé breithniú cúramach ar an aidhm reachtúil atá leis an Scéim agus na féidearthachtaí a bhaineann léi. Tá an cur chuige i leith an athbhreithnithe fhoirmiúil, a bheidh ann in 2012, á mhúnlú anois dá réir.

Cé go bhfuil an chuma ar a lán den fhreagracht a chuireann Acht 2009 ar an BAI gur freagracht riaracháin agus theicniúil í, nó freagracht mheicníoch fiú, ní bhíonn leas an phobail i bhfad ó láthair aon uair. Ba dhúshraith í an obair a rinneadh in 2011 sa mhéid is go múnlaíonn sí an cur chuige a bheidh ann amach anseo agus go bhforbraíonn sí an fócas atá sna ceanglais reachtúla ar an lucht féachana/éisteachta agus ar an bpobal. Ar mhaithe leis an bpobal seo atá an craolachán ann, agus déanann na craoltóirí ar fad a gcion féin chun an cuspóir poiblí sin a thabhairt i gcrích. Cuid thábhachtach de ról an Údaráis, dá bhrí sin, is ea a bheith tuisceanach faoi na cúinsí a chuidíonn le hobair na gcraoltóirí nó a chuireann isteach ar an obair sin. Beag beann ar na socruithe foirmiúla nó struchtúracha a dhéanfar amach anseo, is codanna riachtanacha iad seo den chreat rialála a bheidh ann i bhfad na haimsire.

Ar deireadh thiar, gabhaim mo bhuíochas le comhaltaí an Údaráis as a ndíograis agus a ndúthracht, le Cathaoirligh agus comhaltaí na gcoistí reachtúla as a rannpháirtíocht gan staonadh, agus leis an bPríomhfheidhmeannach agus a chomhghleacaithe as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht.

Bob Collins
Cathaoirleach

Cód a i dtaca le Cumarsáidí Tráchtála do Pháistí

Céim 1 Seoladh Comhchomhairle

Súil Siar leis an bPríomhfheidhmeannach

I mí na Nollag 2010, chuir an tÚdarás bailchríoch ar an gcéad Ráiteas Straitéise dá chuid, ina gcuimsítear an tréimhse 2011-2013. Is doiciméad tábhachtach don BAI é seo, mar go dtugtar cuntas ann ar an méid a bhainfear amach in imeacht trí bliana. Tá éirim na hoibre le feiceáil sa Straitéis agus baintear úsáid inti as seacht gcinn de théamaí straitéiseacha uilechuimsitheacha agus ocht gcinn de chuspóirí straitéiseacha ardleibhéil a bhaineann leis na téamaí sin.

Ullmhaíodh plean oibre i mí Eanáir 2011 inar sonraíodh na bunspriocanna inghnóthaithe a raibh súil leo i ngach ceann de na trí bliana. Aontaíodh freisin tráthchláir i ndáil le gach ceann de na bunspriocanna inghnóthaithe; luadh cuid acu le bliain áirithe agus tá cuid eile acu bainteach leis an tréimhse trí bliana ar fad. Is ar an doiciméad seo a bhunófar an mheastóireacht ar an méid a baineadh amach faoin Straitéis ó cheann ceann na tréimhse.

Ag tús 2011, chuireamar romhainn bunghníomhaíochtaí áirithe a thabhairt i gcrích in 2011. Is mór agam a thuairisciú gur éirigh go han-mhaith linn ina thaobh seo i rith na bliana. Ba mhór an gaisce é seo de bhrí go bhfuil dúshláin mhóra ó thaobh acmhainní de le sárú ag an BAI agus muid faoi thionchar an lánchoisc ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne. Ciallaíonn sé sin i ndáiríre gur lú an líon foirne atá againn sa BAI ná mar a bhí againn sa BCI agus sa BCC araon roimhe sin, in ainneoin méadú suntasach a bheith tagtha ar na feidhmeanna agus na freagrachtaí atá orainn leis an Acht Craolacháin 2009. Tá caiteachas na heagraíochta laghdaithe freisin againn agus buntáiste ag an earnáil chraolacháin dá bharr ós rud é gur laghdaíodh na híocaíochtaí tobhaigh atá le déanamh.

Tugtar cuntas cuimsitheach i gcorp na tuarascála seo ar an gcaoi ar tugadh i gcrích bunspriocanna inghnóthaithe atá sa Straitéis; dá bhrí sin, ní thabharfaidh mé anseo ach spléachadh achomair ar chuid de na nithe is suntasaí.

Ar cheann de thosaíochtaí na bliana 2011 bhí Straitéis Seirbhísí Craolacháin a fhorbairt – bhí fís an Údaráis le leagan amach ansin i dtaca leis an meascán seirbhísí craolacháin ba chóir a bheith i réim in Éirinn. Ó tharla baint mhór a bheith aige le prionsabail na hilchineálachta agus na hiolrachta, rinneamar athbhreithniú freisin ar Pholasaí Úinéireachta agus Rialúcháin an BAI, in éineacht le hullmhú na Straitéise Seirbhísí Craolacháin. Bhí comhchomhairle fhairsing ann leis an earnáil chraolacháin i dtaobh na Straitéise agus dá thoradh sin foilsíodh doiciméad ina leagfar amach an creat le haghaidh polasaithe ceadúnúcháin as seo go ceann 10-15 bliana. Bhíothas ar aon fhocal gur éirigh leis an BAI cothromaíocht mhaith a bhaint amach sa doiciméad idir riachtanais na hearnála craolacháin agus cuspóirí siúd na hilchineálachta agus na hiolrachta.

Ba é an dara tosaíocht a bhí againn Polasaí nua um Chomhlíonadh a ullmhú. Bhí an polasaí seo le leasú chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na bearta a bhaineann le comhlíonadh na gcraoltóirí féaráilte comhréireach, go bhfuil riachtanais lucht éisteachta/féachana le sonrú orthu, agus go bhfuil siad leordhóthanach le haghaidh tuairisciú reachtúil. I mí Iúil a faomhadh an polasaí, agus leagadh síos faoin bpolasaí gurb é riosca an cúinse is mó a bhíonn le meas nuair a bhíonn gníomhaíochtaí a bhaineann le comhlíonadh, agus an gá atá leis na gníomhaíochtaí sin, á gcur faoi bhreithniú. An cur chuige nua seo atá bunaithe ar riosca, beidh sé le sonrú ar na pleananna um chomhlíonadh a bheidh i bhfeidhm sna blianta seo romhainn. Gar do dheireadh na bliana, tarraingíodh an-aird ar cheist an chomhlíonta ag craoltóirí nuair a chuir an Coiste um Chomhlíonadh tús leis an gcéad imscrúdú reachtúil a bhí riamh ann, faoi Alt 53 den Acht Craolacháin, i dtaobh an chláir "Mission to Prey", a craoladh ar Theilifís RTÉ i mí na Bealtaine.

I ngeall ar na cistí móra airgid atá i gceist inti, beidh an-bhéim i gcónaí ar fheidhmiú scéim chistiúcháin Fís agus Fuaim II. In 2011, reáchtáladh cúig bhabhta den scéim agus roinneadh beagnach €16.5m ar 89 tionscadal teilifíse agus 181 tionscadal raidió. Is scéim thar a bheith tábhachtach í do chraoltóirí agus do léiritheoirí neamhspleácha i gcónaí, agus is iomaí sin clár sna catagóirí éagsúla ar éirigh leo gradaim a bhuachan i gcaitheamh na bliana.

Lean an BAI de na freagrachtaí nua atá air i dtaca le craoltóirí seirbhíse poiblí a chur i bhfeidhm agus chuir sé bailchríoch ar an obair a bhain le treoir a thabhairt i dtaca le Cód um Chleachtas Cóirthrádála, a bheidh le cur i bhfeidhm ag RTÉ agus ag TG4. Cuireadh bailchríoch ar athbhreithnithe ar chistiú poiblí an dá eagraíocht chraolacháin sin, agus rinneadh obair phleanála ar an athbhreithniú cúig bliana, a mbeidh an-bhéim air in 2012.

Bhí an-chruóg orainn i rith na bliana ó thaobh forbairt polasaithe i réimse na gcód agus na gcaighdeán; tugadh isteach cód nua i dtaobh cumarsáidí tráchtála lenar déileáladh le suíomh táirgí ar sheirbhísí teilifíse, agus cuireadh tús freisin le forbairt cóid ar chothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht sa nuacht agus i gcúrsaí reatha agus ar athchóiriú na bhforálacha siúd den chód um chumarsáidí tráchtála do pháistí a bhaineann le réim bia agus cothú. Tá an chosúlacht air go mbainfidh dúshlán nach beag leo seo in 2012; is léir go bhfuil an-éagsúlacht tuairimí ann i dtaobh roinnt de na míreanna atá le bheith sna cóid. Leasaíodh freisin an cód um threoirlínte toghcháin i gcomhthéacs an Olltoghcháin agus an Toghcháin Uachtaránachta agus roinnt reifreann a bhí ann i rith na bliana.

Lean an BAI dá ról i gcroílár an Ghrúpa Stiúrtha um Múchadh an Chórais Analógaigh ("ASO") a bhí ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Ar cheann de na cúraimí ar thugamar tosaíocht dó bhí reáchtáil próiseas léirithe spéise le go bhfaighfí amach an bhféadfaí lánas saorchraolta sa bhreis a iompar ar ilphléacs Saorview, atá á oibriú ag RTÉ. Agus an córas analógach le múchadh i mí Dheireadh Fómhair 2012, beidh an chéad tréimhse eile an-tábhachtach go deo agus muid ag iarraidh an cuspóir polasaí phoiblí seo a thabhairt i gcrích, agus beidh ról tábhachtach i gcónaí ag an BAI ina thaobh seo.

De bhrí, mar a luadh roimhe seo, go bhfuil laghdú tagtha ar na hacmhainní atá ar fáil dúinn, ní mór dúinn scrúdú rialta a dhéanamh ar bhealaí chun an eagraíocht a rith ar bhonn éifeachtach. Sa chomhthéacs sin, tá an-tairbhe bainte againn as an struchtúr maitríseach atá ar an eagraíocht, agus comhaltaí foirne ag oibriú i réimsí éagsúla de réir mar is gá. Tá rún daingean ag an BAI forálacha Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh a chur i bhfeidhm, agus chuireamar feabhas ar phróisis éagsúla a bhaineann le rialachas corparáideach, airgeadas agus riosca i gcaitheamh na bliana. Táimid sa dara bliain anois den Straitéis Teicneolaíocht Faisnéise agus béim curtha ar an scéim Fís agus Fuaim; is é an toradh a bheidh air seo i bhfad na haimsire go mbeidh próisis níos éifeachtaí ann i dtaca le hiarratais, conarthaí agus comhlíonadh, agus bainfidh foireann an BAI agus na hiarratasóirí araon tairbhe as sin.

Gabhaim buíochas ó chroí le gach duine d'fhoireann an BAI – tá a míle dícheall déanta acu agus iad ag iarraidh clár uaillmhianach oibre a thabhairt i gcrích.

Ar deireadh, gabhaim buíochas le comhaltaí an Údaráis, an Choiste um Chomhlíonadh agus an Choiste um Dheonú Conarthaí as a bhfuil déanta acu ar mhaithe le cuspóirí straitéiseacha an BAI in 2011.

Michael O' Keeffe
Príomhfheidhmeannach

An tÚdarás

Is ar an Údarás atá an fhreagracht fhoriomlán as oibriú agus feidhmiú ag BAI; áirítear air sin treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos. Naonúr comhaltaí atá ar an Údarás.

Mr. Bob Collins (Cathaoirleach)

Mr. Larry Bass

Ms. Paula Downey

An tOllamh Colum Kenny

An Dr Maria Moloney

Ms. Michelle McShortall

Mr. Michael Moriarty

Ms. Siobhán Ní Ghadhra

Mr. John Waters

In 2011, aon chruinniú déag a bhí ag an Údarás.

Comhalta	Tinreamh
Bob Collins (Cathaoirleach)	11 / 11
Larry Bass	10 / 11
Paula Downey	9 / 11
An tOllamh Colum Kenny	11 / 11
Michelle Mc Shortall	8 / 11
An Dr Maria Moloney	10 / 11
Michael Moriarty	10 / 11
Siobhán Ní Ghadhra	10 / 11
John Waters	10 / 11

An Coiste um Dheonú Conarthaí

Tá an Coiste um Dheonú Conarthaí freagrach as feidhmiú na bpróiseas iarratais ar cheadúnais le haghaidh seirbhísí craolacháin agus oibríochtaí ilphléacs. Ochtar comhaltaí atá ar an gCoiste; cheap an Rialtas ceathrar díobh sin tar éis don Aire iad a ainmniú, agus cheap an tÚdarás an ceathrar eile – beirt chomhaltaí den Údarás mar aon le beirt chomhaltaí d'Fheidhmeannas an BAI.

Ms. Siobhán Bourke (Cathaoirleach)

Mr. David Barniville SC

Mr. Neil Leyden

Ms. Eimear McGovern

Ainmnithigh an Údaráis
Mr. Michael Moriarty
An tOllamh Colum Kenny

Ainmnithigh Fhoireann an BAI
Ms. Celene Craig
Ms. Anne O'Brien (go mí Mheán Fómhair 2011)
Mr. Neil O'Brien (ó mhí Mheán Fómhair 2011)

Cúig chruinniú a bhí ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí i rith 2011, agus mar seo a leanas a bhí an freastal:

Comhalta	Tinreamh
Siobhán Bourke	5 / 5
Neil Leyden	3 / 5
David Barniville	5 / 5
An tOllamh Colum Kenny	4 / 5
Eimer McGovern	4 / 5
Michael Moriarty	3 / 5
Celene Craig	4 / 5
Anne O'Brien (go mí Mheán Fómhair 2011)	3 / 5
Neil O'Brien (ó mhí Mheán Fómhair 2011)	1 / 5

Thug an Coiste um Dheonú Conarthaí faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2011 i gcomhréir leis na feidhmeanna atá aige, ar a n-áirítear iad seo a leanas:

Breithniú ar iarratais le haghaidh seirbhísí lánais dhigitigh;

- Breithniú ar iarratais le haghaidh conarthaí sealadacha agus conarthaí institiúideacha;
- Comhairliúchán i dtaca leis an Straitéis Seirbhísí Craolacháin agus an Plean Ceadúnúcháin, 2012-2013, a d'eascair as an Straitéis.

Tá cuntas mion ar na gníomhaíochtaí sin le fáil i gcorp na tuarascála seo.

An Coiste um Chomhlíonadh

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú an chomhlíonta, as imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin, agus as roinnt feidhmeanna a bhaineann le tuairisciú. Ochtar comhaltaí atá ar an gCoiste; cheap an Rialtas ceathrar díobh sin tar éis don Aire iad a ainmniú, agus cheap an tÚdarás an ceathrar eile – beirt chomhaltaí den Údarás mar aon le beirt chomhaltaí d'Fheidhmeannas an BAI.

Professor Chris Morash (Chairperson)

Ms. Aidine O'Reilly

Ms. Edel Hackett

Ms. Paula Mullooly

Ainmnithigh an Údaráis
Mr. John Waters
Ms. Paula Downey

Ainmnithigh Fhoireann an BAI
Dr. Ciarán Kissane
Mr. Neil O'Brien (to September 2011)
Ms. Stephanie Comey (from September 2011)

11 chruinniú a bhí ag an gCoiste um Chomhlíonadh i rith 2011, agus mar seo a leanas a bhí an freastal:

Comhalta	Tinreamh
Professor Chris Morash	11 / 11
Aidine O'Reilly	7 / 11
Paula Downey	5 / 11
Paula Mullooly	9 / 11
Edel Hackett	10 / 11
John Waters	9 / 11
Ciarán Kissane	11 / 11
Neil O'Brien (to September 2011)	8 / 11
Stephanie Comey (from September 2011)	3 / 11

Thug an Coiste um Chomhlíonadh faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2011 i gcomhréir leis na feidhmeanna atá aige, ar a n-áirítear iad seo a leanas:

- Cuireadh tús le himscrúdú faoi Alt 53 den Acht i dtaobh an chláir de chuid Primetime Investigates dar teideal "Mission to Prey", a craoladh ar chainéal teilifíse RTÉ a hAon i mí na Bealtaine;
- Feidhmíodh an Plean um Chomhlíonadh agus áiríodh air sin monatóireacht ar aschur craoltóirí; athbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht; agus iniúchtaí ar stiúideonna agus ar shuíomhanna tarchuradóirí, ar an láthair féin;

- Chuathas i mbun plé le craoltóirí i dtaobh fheidhmiú na gCód Cleachtais chun Gearáin a Láimhseáil i ngach ceann de na stáisiúin;
- Tugadh breithiúnas ar na gearáin a rinne daoine den phobal i gcoinne craoltóirí i dtaca le comhlíonadh na gcód agus na gcaighdeán craolacháin ag na craoltóirí sin; An Coiste agus Fóram Gearán an Fheidhmeannais araon a láimhseáil an próiseas gearán;
- Breithníodh an chaoi ar éirigh le craoltóirí na spriocanna a bhí leagtha amach sna Rialacha maidir le Rochtain.

Tá cuntas cuimsitheach ar na gníomhaíochtaí sin go léir le fáil i gcorp na tuarascála seo.

Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann an BAI

31 comhalta foirne lánaimseartha agus 10 gcomhalta foirne pháirtaimseartha atá ar fhoireann Fheidhmeannas an Údaráis. Tugann Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh treoir d'obair an Údaráis agus tugann foireann bainistíochta straitéisí tacaíocht don obair sin. Struchtúr maitríse atá á fheidhmiú ag an BAI. Oibríonn an fhoireann ar shlí sholúbtha i réimsí gníomhaíochta uile na heagraíochta de réir mar a bhíonn cruóg ghnó ann. Dá bharr seo, is féidir na hacmhainní foirne a chur i mbun oibre ar bhealach éifeachtach éifeachtúil san áit a mbíonn gá leo.



Comhaltaí an Fheidhmeannais

Tá liosta thíos de na comhaltaí foirne go léir a bhí san eagraíocht ar an 31 Nollaig 2011:

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh:	Michael O'Keeffe *Príomhfheidhmeannach* Celene Craig *Leas-Phríomhfheidhmeannach*
Bainisteoirí Sinsearacha:	Aoife Clabby, Stephanie Comey, Ciarán Kissane, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Margaret Tumelty.
Bainisteoirí:	Diarmaid Breathnach, Brian Furey, Sally Kennedy, Clare O'Sullivan, Ruth-Blandina Quinn, Declan McLoughlin, Niamh Ní Bhroin, Andrew Robinson, Roger Woods.
Oifigigh Feidhmiúcháin:	Jill Caulfield, Gillian Collins, Philip Cooper, Tim Flynn, Elizabeth Farrelly, Teresa Kearns, Patricia Kelly, Louise McLoughlin, Marie Murphy, Sinead Owens, Sarah Traynor.
Oifigigh Chléireachais:	Rachel Casey, Joanna Laskowska, Jessica Scott.
Comhaltaí Foirne Monatóireachta:	Andrea Leonard, Annette Stone, Jeanne Spillane, Fionnuala Murphy, Deborah Molloy, Barry Casey, Simon Conneally

Clare FM

PPI – Stáisúin Raidió na Bliana, 2011

Lánas

Rogha

Ilchineálacht a Chinntiú

Cáilíocht

Poitéinseal

Soláthar Réimse Ilchineálach Seirbhísí agus Lánas Craolacháin a Éascú

An Straitéis Seirbhísí Craolacháin

I rith 2011, bhí ullmhú Straitéis Seirbhísí Craolacháin (BSS) ar cheann de bhunspriocanna inghnóthaithe an Údaráis. Tá an Straitéis ar cheann de na bealaí is tábhachtaí atá ag an Údarás chun an cuspóir straitéiseach seo a leanas dá chuid a thabhairt i gcrích: líon agus earnálacha na seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát, gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir na hÉireann agus go mbeidh siad ar fáil do chách agus gur de chineál iolraíoch iad.

Bhí an BAI uaillmhianach san aisling a bhí aige, agus é eolach ar chúinsí geilleagracha na tíre mar atá faoi láthair, ach é dírithe mar sin féin ar an aimsir amach romhainn agus an dóchas agus na deiseanna do chraoltóirí a bhaineann leis an todhchaí sin. Bhí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara uile ríthábhachtach le linn don Straitéis a bheith á forbairt; i dtaca leis seo, reáchtáladh comhairliúchán poiblí faoin dréacht-Straitéis agus cuireadh comhdháil do pháirtithe leasmhara faoi leith ar siúl i mí Mheán Fómhair.

Agus an Straitéis á réiteach aige, b'eol don Údarás gur leis an timpeallacht chraolacháin reatha ba cheart tús a chur leis an obair; thuig sé go gcaithfí na cúinsí éagsúla reachtaíochta, geilleagracha, rialála agus teicneolaíochta a imríonn tionchar ar an soláthar seirbhísí a thabhairt san áireamh.

San fhís a leagtar amach sa Straitéis, feictear sochaí na hÉireann agus freastal á dhéanamh uirthi ag meascán bríomhar de chraoltóirí seirbhíse poiblí, tráchtála agus pobail, agus iad ag feidhmiú ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus pobail, mar aon le meascán sainseirbhísí a bheidh ag feidhmiú i réimsí ar leith.

Tá cuspóirí na Straitéise bunaithe ar na forálacha reachtúla agus iad dírithe ar fhreastal a dhéanamh ar riachtanais ilchineálacha mhuintir na hÉireann, ar chláir ar ardchaighdeán a chur chun cinn, agus ar chruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú san earnáil. Táthar ag iarraidh freisin leis na cuspóirí deimhin a dhéanamh de go mbeidh ilchineálacht sna tuairimí, sna slite inar féidir na tuairimí sin a nochtadh go poiblí agus i bhfoinsí na dtuairimí sin in earnáil chraolacháin na hÉireann, agus gur cleachtais rialála chuí iad na cleachtais rialála a bheidh ann chun na cuspóirí sin a thabhairt i gcrích.

Tugtar cuntas sa Straitéis Seirbhísí Craolacháin ar an gcaoi a gcuirfidh an BAI an fhís i bhfeidhm trí na próisis cheadúnúcháin atá aige, ar an dóigh a mbeidh seirbhísí le rialáil, agus ar pholasaithe agus cleachtais rialála an BAI féin, ar a n-áirítear an Polasaí um Úinéireacht agus Rialú, na ceanglais reachtúla i dtaca le nuacht agus cúrsaí reatha, forálacha i dtaobh fógraíocht scar-rogha agus cláir scar-rogha, mar aon le ceisteanna a bhaineann le feidhmeanna nach feidhmeanna cláir iad.

An Plean Ceadúnúcháin 2012-2013

De dhroim na Straitéise Seirbhísí Craolacháin, bhí aird ag an Údarás ar an gcineál ceadúnúcháin a bheadh ann ó cheann thréimhse na Straitéise agus go háirithe sa tréimhse 2012-2013. Ó tharla go raibh go leor de na conarthaí craolacháin fuaime tráchtála le dul in éag i rith na tréimhse, agus de bhrí nárbh fhéidir mórán seirbhísí nua a cheadúnú i ngeall ar na dúshláin gheilleagracha atá ann faoi láthair, aontaíodh go ndíreofaí ar athcheadúnú seirbhísí a bhí ann cheana féin agus a raibh a gconarthaí ar tí dul in éag. Agus a phlean ceadúnúcháin á fhorbairt aige, rinne an tÚdarás breithniú meáite ar cheist léarscáil na saincheadúnas agus ar cheart nó nár cheart an léarscáil sin a athrú, ag féachaint do phrionsabail leas an phobail, na hinbhuanaitheachta agus toilleadh speictrim. Chinn an tÚdarás gur leor léarscáil na saincheadúnas faoi mar atá sí chun cuspóirí na Straitéise Seirbhísí Craolacháin a bhaint amach. Bunaíodh an cinneadh sin freisin ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí agus suirbhé ionadaíoch a rinneadh ar lucht éisteachta/féachana na hÉireann. Cuireadh bailchríoch ar an bplean ceadúnúcháin ag deireadh na bliana agus bhí sé le cur faoi bhráid an Choiste um Dheonú Conarthaí lena fheidhmiú go luath sa Bhliain Nua.

Agus a bhreithniú á dhéanamh aige ar an gcur chuige le seirbhísí raidió pobail a cheadúnú, chinn an tÚdarás go nglacfaí cur chuige níos oscailte i leith ceadúnú, agus go dtabharfaí aitheantas dá réir don chaoi a mbunaítear agus a bhforbraítear raidió pobail agus don dualgas a bhíonn ar sheirbhísí pobail nua a bhíonn ar na bacáin daoine sa phobal féin a thabhairt isteach faoi scáth na seirbhíse agus iad a chumasú chun páirt iomlán a ghlacadh sa tseirbhís.

Raon Seirbhísí

Ceadúnaíonn an BAI lear mór seirbhísí ilchineálacha raidió agus teilifíse anuas orthu siúd a sholáthraíonn na craoltóirí seirbhíse poiblí, RTÉ agus TG4. Breithníonn an Coiste um Dheonú Conarthaí freisin, gach aon bhliain, iarratais ar cheadúnais nua, agus déanann moladh i leith na n-iarratas sin.

Craolann na seirbhísí teilifíse tráchtála – TV3, 3e agus Setanta Sports Ireland – le taobh seirbhísí teilifíse pobail. Tá seirbhísí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla á gcraoladh ag 37 stáisiún raidió tráchtála do lucht éisteachta de chineálacha éagsúla ar fud na hÉireann; áirítear ar an tionscal bríomhar seo 26 seirbhís raidió pobail neamhbhrabúsach.

Le cois na seirbhísí sin thuas, freastalaíonn seirbhísí raidió institiúideacha ar lucht éisteacha sainiúil in ospidéil i gCorcaigh, Luimneach, Baile Átha Cliath agus Tiobraid Árann.

In 2011, fuarthas 32 iarratas le haghaidh ceadúnais fuaimchraolacháin shealadacha i gcomhair tréimhsí 30 lá nó níos giorra; fuarthas iad sin ó institiúidí oideachais, ó fhéilte agus ó eagraíochta reiligiúnacha, i measc dreamanna eile.Áiríodh ar na hiarratais shealadacha sin grúpaí a bhí ag baint leas as an deis dul i mbun craoladh ar feadh tréimhse nach faide ná le 100 lá mar sheirbhís phíolótach raidió pobail. Faoi na ceadúnais 100 lá, tugtar deis do na grúpaí sin iad féin a ullmhú agus a chur chun cinn le haghaidh seirbhís iomlán raidió pobail.

Cuireann an BAI conarthaí ar fáil freisin le haghaidh lánais ar ardáin teilifís chábla, teilifís satailíte agus teilifís trastíre digití. Fuarthas agus próiseáladh i gcaitheamh na bliana dornán beag iarratas le haghaidh seirbhísí lánais dhigitigh.

Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT)

Bhí athbhreithniú le déanamh ar na seansanna go gceadúnófaí ilphléacsanna le haghaidh Teilifís Trastíre Dhigiteach ar bhonn tráchtála, ach thogair an BAI é sin a chur ar atráth go dtí go mbeadh Múchadh an Chórais Analógaigh curtha i gcrích agus go dtí go mbeadh athbhreithniú déanta ag ComReg ar mhargadh na Teilifíse Trastíre Digití in Éirinn in 2012.

Bainistíocht Speictrim

Déileálann an BAI le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile i dtaca le gníomhaíochtaí bainistíochta speictrim, rud a bhfuil gá leis chun polasaí craolacháin dhigitigh a fheidhmiú. Bhí cruinniú ann i mí na Samhna 2011 le húdaráis na Ríochta Aontaithe chun plean minicíochta DAB a phlé agus chun pleananna na Ríochta Aontaithe le haghaidh DAB sna 12-18 mí dár gcionn a chíoradh.Reáchtáladh cruinniú freisin idir an BAI, ComReg, RTÉNL, Ofcom, BBC agus Arqiva inar pléadh pleananna reatha agus pleananna amach anseo i gcomhair raidió digiteach agus an chaoi a bhféadfaí na pleananna, a aontaíodh sa Ghinéiv in 2006, a chur i bhfeidhm.

Leanadh den phleanáil don Teilifís Trastíre Dhigiteach leis an Ríocht Aontaithe ar feadh na bliana 2011; sé chruinniú ar fad a bhí ann. Tugadh tús áite d'athphleanáil na minicíochtaí ar mhaithe leis an 'díbhinn dhigiteach'. Ceist mhór eile a socraíodh ba ea gur coimeádadh na cearta a bhaineann leis na cainéil a sheoltar ó thuaidh ag Clermont Carn agus ar Throsc Mór. De bharr na gcainéal sin, tá teacht ag an lucht féachana i dTuaisceart Éireann ar sheirbhísí teilifíse na hÉireann. Faoi dheireadh 2011, aontaíodh ocht gcinn de chainéil ar na láithreacha sin chun sástacht ComReg, an BAI agus RTENL.

An Ciste Craolacháin

Scéim Fís agus Fuaim II

Gach uile bhliain, tugtar 7% den ioncam ó tháille an cheadúnais teilifíse don Chiste Craolacháin. Tá socrú ann faoin gCiste go mbeidh scéim, nó scéimeanna, ann ar mhaithe le forbairt scoth na gclár teilifíse agus raidió i mBéarla agus i nGaeilge – cláir ina gcíortar téamaí a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, i gcomhthéacsanna comhaimseartha nó stairiúla. Faoin scéim reatha – Fís agus Fuaim II – tugtar tacaíocht do chláir arb é a n-aidhm feabhas a chur ar litearthacht daoine fásta nó ar litearthacht sna meáin mar aon le cláir ina ndéileáiltear le ceisteanna domhanda a bhfuil tionchar acu ar an Stát agus ar thíortha eile.

Mar gheall ar an leas a bhain craoltóirí agus léiritheoirí neamhspleácha as Fís agus Fuaim II in 2011, cuireadh go mór le hilchineálacht agus feabhas na gclár a cuireadh ar fáil don lucht éisteachta/féachana sa Stát.

€14.9m a cuireadh isteach sa Chiste ón Státchiste in 2011; b'ionann sin agus laghdú beag ar fhigiúr na bliana 2010 – beagán le cois €15m. Cúig bhabhta d'Fhís agus Fuaim II a riaradh in 2011 – dhá bhabhta teilifíse, dhá bhabhta raidió, agus babhta amháin Scéimeanna Speisialta; breithníodh os cionn 700 iarratas ar fad. Breis is €16m a deonaíodh i ndeontais in 2011, agus is €11.8m i ndeontais a íocadh.

Gné thábhachtach eile den Scéim ó thaobh na heagraíochta de is ea caibidlíocht conarthaí agus eisiúint íocaíochtaí um chomhlíonadh do chraoltóirí agus do léiritheoirí. 212 conradh a síníodh i gcaitheamh na bliana agus 35 tionscadal ar an meán in aghaidh na míosa a athbhreithníodh agus a faomhadh i gcomhair íocaíochta.

Raidió

Bhí an-tarraingt ag tionscal an raidió ar an Scéim; deonaíodh luach €796,000 de dheontais ar mhaithe le 96 tionscadal raidió a léiriú agus na cláir sin le craoladh ar 30 stáisiún raidió ó cheann ceann na tíre. Ar na tionscadail ar éirigh leo faoin Scéim bhí 12 thionscadal drámaíocht raidió agus meascán de chláir faisnéise, cláir oideachais agus cláir shiamsaíochta. Áiríodh ar na cláir faisnéise cláir faoin stair agus oidhreacht, faoin tsochaí chomhaimseartha, agus faoi na healaíona agus cultúr.

Buaicphointí an Chistiúcháin

Ar bhuaicphointí an chistiúcháin don raidió in 2011 bhí dhá thionscadal do KCLR FM: sraith drámaíocht raidió cúig pháirt dar teideal 'BehindClosedDoors' agus 'FullCircle-The Irish Songwriter', clár ar ghlac ealaíontóirí Éireannacha – Mundy, EleanorMcEvoy agus TheRepublicofLoose ina measc – páirt ann. In 'HandsandHeartsoftheMusicMakers', a bhí le craoladh ar Newstalk, scrúdaítear an chaoi a ndéantar uislisí éagsúla ceoil, agus sa tsraith dhá chlár déag 'Turlough Tales' le haghaidh RTÉ Junior, tabharfar léargas d'éisteoirí óga raidió ar fhlóra agus fána an turlaigh.

Teilifís

Fógraíodh cistiú i gcomhair tionscadail teilifíse i mí Feabhra agus i mí Mheán Fómhair 2011. Deonaíodh os cionn €14.5m ar mhaithe le 88 tionscadal teilifíse a bhí le léiriú ar stáisiúin

teilifíse seirbhíse poiblí, tráchtála agus phobail. Cé gur deonaíodh formhór na gcistí do sheánra an chláir faisnéise arís in 2011, tugadh an-tacaíocht fosta don drámaíocht, don tsiamsaíocht agus don bheochan i gcaitheamh na bliana.

Buaicphointí Cistiúcháin & Craolacháin

Sa bhliain roimh chothrom céad bliain thubaiste an Titanic, níorbh iontas ar bith é go gcuirfí tionscadail éagsúla faoinár mbráid lena gcistiú in 2010 agus arís in 2011. Tugadh tacaíocht shuntasach airgid ón Scéim don mhórthionscadal drámaíochta 'Titanic', a bhí le craoladh ar TV3 i mí an Aibreáin 2012.

Tugadh tacaíocht freisin do chlár faisnéise ar an scríbhneoir mór le rá, Nuala Ó Faoláin, nach maireann. Beartaíodh in 'Nuala', clár a ndearna MarianFinucane é a láithriú agus a chomhléiriú, léargas macánta fírinneach neamh-mhaoithneach a chur i láthair ar shaol an scríbhneora agus an chraoltóra, agus é le craoladh sa chéad leath de 2012.

Cuirtear tacaíocht airgid ar fáil chomh maith faoi Fhuaim & Fís II do shraitheanna a bhíonn ag filleadh; dhá shraith nach miste a lua agus ar tugadh cistiú dóibh sa chomhthéacs sin is ea 'An Crisis' agus 'Trivia'. Sa tsraith nua, 'Scúp', insítear scéal iriseora atá ag filleadh ar fhoilseachán atá ag meath i mBéal Feirste, a chathair dhúchais; d'éirigh leis an tsraith nua sin cistiú a fháil ón Scéim fosta.

Tionscadal mór le rá eile de chuid na Scéime ba ea an tsraith dhá chlár inar cíoradh stair an dúlra in Éirinn agus an méid a rinne an dúlra-staraí sa 19ú céad, Robert LloydPraeger; bhí tús le cur le léiriú na sraithe sin in 2012.

Mórthionscadal dátheangach ar tugadh tacaíocht dó in 2011 ba ea 'Bernard Dunne's Bród Club'. Beartaíodh sa tsraith sin leas a bhaint as meáin éagsúla chun ugach a thabhairt do dhaoine pé méid Gaeilge atá acu a úsáid agus iad ag déanamh comhrá ó lá go lá.

Bhí tionscadail mór le rá ann a fuair cistiú i mbabhtaí roimhe sin d'Fhís & Fuaim II agus ar tugadh gradaim nó moladh i léirmheasanna dóibh in 2011. Tugadh ainmniúcháin agus gradaim IFTA do 'StellaDays', leis an stiúrthóir clúiteach Thaddeus O'Sullivan agus a cuireadh ar taispeáint sna pictiúrlanna i mí an Mhárta 2011; do 'TheImportanceofBeingWhatever', drámashraith nuálach do dhéagóirí a craoladh ar RTÉ agus inar léiríodh leagan nua-aimseartha de 'TheImportanceofBeingEarnest' le hOscarWilde; do 'Corp + Anam', coirdhráma teilifíse a craoladh ar TG4; agus 'Bernadette: Noteson a PoliticalJourney', clár eile a craoladh ar TG4.

Scéimeanna Speisialta

I mí an Mheithimh, d'fhógair an BAI na cinntí a bhí déanta aige i leith bhabhta na Scéimeanna Speisialta d'Fhís & Fuaim II. Is ann do bhabhta na Scéimeanna Speisialta chun spreagadh a thabhairt ionas go bhforbrófar téama nó cuspóir áirithe de chuid na Scéime, nó chun aitheantas a thabhairt d'imeachtaí tábhachtacha ó thaobh na staire nó an chultúir de a bhíonn le comóradh cothrom an ama sin. Bunriachtanas is ea go mbeadh airgead agus saineolas á gcur ar fáil don tionscadal ag, ar a laghad, eagraíocht neamhrialtasach amháin eile nó ag comhpháirtí amháin eile ón earnáil phríobháideach. Gné riachtanach eile a bhaineann le tionscadal de chuid na Scéimeanna Speisialta is ea gur gá dó díriú ar oiliúint agus forbairt.

Tugadh €633,000 trí thionscnamh na Scéimeanna Speisialta do thrí cinn de thionscadail Ghaeilge; fuarthas tacaíocht chraolacháin ó TG4 agus Raidió na Gaeltachta faoi seach agus

saineolas oiliúna ó Ghréasán na Meán do na tionscadail sin. 'Tús Maith', 'Scéal' agus 'Fuaim agus Focal', is teideal do na trí thionscadal agus le linn an phróisis forbartha agus oiliúna tiocfaidh bláthú ar smaointe maidir le cláir. De thoradh na dtionscadal seo, léireofar 8 n-uair an chloig de chláir theilifíse agus 3 uair an chloig de chláir raidió agus sin á dhéanamh ag tallann nua ón nGaeltacht. Ó thaobh forbairt scileanna de, is ar scríbhneoireacht agus léiriú trí Ghaeilge a bheifear ag díriú sna tionscadail seo.

An Scéim um Chartlannú Craolacháin

Ó cheann ceann na bliana 2011, rinneadh obair ullmhúcháin ar an Scéim um Chartlannú Craolacháin. Is ann don Scéim chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt ionas go dtiocfaidh cultúr cartlannaithe chun cinn san earnáil chraolacháin trí chéile in Éirinn. Cuideoidh an Scéim um Chartlannú Craolacháin le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú, agus beidh fáil sa bhreis ag an bpobal ar an stair agus an cultúr breá a bhaineann leis an gcraolachán in Éirinn dá barr.

Rinneadh an Scéim, atá le cistiú trí chéatadán den Chiste Craolacháin bliantúil, a chur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha lena faomhadh faoi dheireadh na bliana; ní mór don Choimisiún Eorpach an Scéim a fhaomhadh freisin sular féidir í a fheidhmiú.

Rinne an BAI a chomhpháirtíocht le hInstitiúid Scannán na hÉireann ("IFI") a chur chun tosaigh agus a chothú fosta in 2011. Lean Cartlann Scannán an IFI den chatalógú agus den chartlannú ar thionscadail teilifíse de chuid Fhís & Fuaim II thar ceann an BAI. Rinneadh 54 tionscadal críochnaithe teilifíse de chuid Fhís & Fuaim II, agus thart faoi 300 ítim ar leith i gceist iontu, a thaisceadh i gCartlann Scannán na hÉireann in imeacht na tréimhse sin.

Feasacht ar Scéim Fhís agus Fuaim II

Ar mhaithe le hilchineálacht an aschuir, ní mór an Scéim a phoibliú go rialta ionas go mbeidh a fhios ag daoine go bhfuil sí ann agus chun go mbeidh teacht ar an gciste. Ar na himeachtaí a eagraíodh ar mhaithe le heolas agus oideachas a chur chun cinn bhí láithreoireacht a cuireadh faoi bhráid mic léinn de chuid na meán cumarsáide in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, láithreoireacht do Cheardchumann Náisiúnta na nIriseoirí, agus plé-chruinnithe rialta i dtaobh fhéidearthachtaí na Scéime le líonraí sa tionscal ar a n-áirítear Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann agus Comhlachas Léiritheoirí Neamhspleácha na hÉireann.

Feidhmiú na Scéime agus Athbhreithniú Reachtúil

Tá forbairt leanúnach á dhéanamh san eagraíocht ar chóras sofaisticiúil um Bainistíocht an Chaidrimh le Custaiméirí; is mór an cúnamh é seo ó thaobh riarachán na Scéime agus ó thaobh barr éifeachtúlachta a bhaint amach. Faoi dheireadh na bliana 2011, samhlaíodh go gcuirfí barr feabhais ar an teicneolaíocht seo ionas go mbeadh iarratasóirí in ann iarratas a dhéanamh go díreach ar líne agus ionas go mbainfí barr éifeachta amach sna próisis chonraitheoireachta agus chomhlíontachta.

Cuireadh tús freisin ag deireadh 2011 leis an ullmhúchán a bhain le hathbhreithniú reachtúil atá le déanamh ar an Scéim in 2012; scrúdófar san athbhreithniú sin a fheabhas a baineadh amach cuspóirí na Scéime mar aon leis an tionchar a bhí aici.

Trivia - Sraith a I

Grand Pictures

Meascán

Iolarthacht a Chinntiú

Peirspictíocht

Dearcadh

Tá sé ríthábhachtach, maidir leis an bprionsabal go mbeadh éagsúlacht peirspictíochtaí agus dearcthaí ann, go mbeadh an prionsabal sin i gcroílár rialáil an chraolacháin in Éirinn i gcónaí; ní foláir freisin muinín agus iontaoibh a bheith ag muintir na hÉireann as úinéireacht, neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht na bhfoinsí nuachta agus faisnéise in earnáil chraolacháin na hÉireann.

Bunchuspóir straitéiseach de chuid an BAI ar mhaithe leis an iolarthacht is ea cothú timpeallacht chraolacháin ina mbeidh meascán de chraolachán seirbhíse poiblí, tráchtála agus pobail á chur chun cinn. Tá sé le polasaithe, cóid agus nósanna imeachta a bhunú agus a chur i bhfeidhm; déanfar sin ar mhaithe le cothú agus neartú na hiolarthachta ó thaobh dearcadh, deiseanna an iolarthacht a léiriú, agus foinse na hiolarthachta de.

Ar feadh na bliana 2011 go léir, rinne an BAI monatóireacht ar sheilbh, neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht na nuachta agus na bhfoinsí faisnéise i gcraolachán na hÉireann; áiríodh air sin cur chuige i dtaobh ceadúnú a chinntíonn nach mbíonn an iomarca úinéireachta agus rialúcháin ar sheirbhísí craolacháin ag aon dream amháin.

Úinéireacht agus Rialú

Déantar polasaithe buntábhachtacha an BAI a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta ionas go mbíonn siad ábhartha agus éifeachtach chun an iolarthacht a chinntiú. I bhfianaise fhorbairt na Straitéise Seirbhísí Craolacháin agus Plean Ceadúnúcháin gaolmhar don tréimhse 2012-2013, chinn an tÚdarás gur chóir an Polasaí um Úinéireacht agus Rialú a athbhreithniú sula ndéanfaí formhór na seirbhísí reatha raidió tráchtála a athfhógairt. Chinn an tÚdarás scóip agus cur chuige an atbhreithnithe polasaí agus bhí comhairliúchán le páirtithe leasmhara le bheith ina bhunmheicníocht chun ionchur ón taobh amuigh a fháil san athbhreithniú. Reáchtáladh an comhairliúchán sin in éineacht leis an gcomhairliúchán ar an Straitéis Seirbhísí Craolacháin, ó tharla go raibh roinnt ceisteanna ann a bhain leis an bpolasaí agus leis an Straitéis araon.

Bhreithnigh an tÚdarás forthorthaí an chomhairliúcháin ag cruinniú an Údaráis i mí na Samhna agus níor cuireadh aon athrú ar na príomhghnéithe den Pholasaí faoi mar a cuireadh i láthair sa doiciméad comhairliúcháin iad. Gné nua den pholasaí athbhreithnithe ba ea cúinsí breise a chur san áireamh sa chás go dteastódh ó dhuine nó ó chuideachta an sciar de líon iomlán na seirbhísí fuaimchraolacháin a bheadh faoina (h)úinéireacht a ardú ó 20% go 25%. Aontaíodh freisin go n-athbhreithneofaí an chuid sin den pholasaí ina dtagraítear do tháscairí nithiúla iolarthachta nuair a bheadh an Bille Iomaíochta (Leasú) achtaithe.

Cuireadh bailchríoch ar Pholasaí um Úinéireacht agus Rialú an BAI i mí na Nollag agus bhí sé le seoladh sa chéad cheathrú de 2012.

Cothroime, Neamhchlaontacht agus Oibiachtúlacht

Dualgas ríthábhachtach atá ar chraoltóirí is ea tuairisciú oibiachtúil neamhchlaonta a dhéanamh ar an nuacht uile agus í á craoladh agus cothrom na féinne a thabhairt do gach aon taobh i gcraoladh cúrsaí reatha agus go cuirtear na cúrsaí reatha sin i láthair ar bhealach oibiachtúil neamhchlaonta. Cuirtear ceangal ar chraoltóirí leis an Acht Craolacháin an nuacht agus cúrsaí reatha a chur i láthair gan aon tuairim dá gcuid féin a chur in iúl. In 2011, thug an BAI faoi obair ullmhúcháin ar dhréacht-Chód i dtaca le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht sa Nuacht agus Cúrsaí Reatha, chun tuairimí an phobail a fháil amach. Bunaíodh an dréacht-Chód ar thaighde dlínsiúil sa réimse seo, mar aon le hathbhreithniú cuimsitheach ar an gcleachtas reatha craolacháin sa réimse seo in Éirinn. Faoi dheireadh na bliana, bhí an tÚdarás tar éis an dréacht-Chód a fhaomhadh agus bhí comhairliúchán poiblí le reáchtáil ina thaobh i mí Eanáir 2012. Leagtar amach sa dréacht-Chód na cuspóirí atá le baint amach, na prionsabail is bonn leis na rialacha cothroime, oibiachtúlachta agus neamhchlaontachta agus 32 riail san iomlán lena rialaítear an chaoi a bhfuil craoltóirí le déileáil le lánas nuachta agus cúrsaí reatha. Meastar go gcuirfear bailchríoch ar an gCód in 2012 agus go gcuirfear i bhfeidhm é i rith na bliana sin. Ach a dtabharfar isteach é, is doiciméad tábhachtach rialála a bheidh sa Chód agus dualgas ar chraoltóirí feidhmiú dá réir; leagfar amach go soiléir ann fosta na caighdeáin a bhféadfaidh saoránaigh a bheith ag súil leo i gcláir den chineál seo.

Tuairisciú Toghchán agus Reifreann

Is é cuspóir an Chóid Chraolacháin um Thuairisciú Toghchán cothromaíocht a dhéanamh idir ról tábhachtach na gcraoltóirí i dtuairisciú toghchán agus an dualgas reachtúil atá orthu tuairisciú cothrom oibiachtúil neamhchlaonta a chur ar fáil, mar aon freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais agus leas an lucht éisteachta/féachana.

Tar éis comhairliúchán poiblí ar dhréacht-Chód in 2010, foilsíodh Cód nua i mí Eanáir. Áiríodh sa Chód nua tréimhse leasaithe ghiorraithe don mhoratóir a bhíonn ar thuairisciú toghchán – tréimhse dar tosach 2p.m. an lá roimh an vótáil. I mí Mheán Fómhair, tar éis comhairliúchán poiblí breise, leasaíodh an Cód sa chaoi go gcuimseodh sé tuairisciú Reifreann. Bhí an Cód i bhfeidhm don toghchán Uachtaránachta agus na reifrinn a reáchtáladh i mí na Samhna.

Mar chuid dá dhréacht-Chód um Chothroime, Neamhchlaontacht agus Oibiachtúlacht, tá sé beartaithe ag an BAI an Cód um Thuairisciú Toghchán agus Reifreann a thabhairt faoi scáth an Chóid seo. Chuirfí ar chumas an BAI dá bharr seo gníomhú ar bhealach luaineach maidir le ceisteanna a d'eascródh as tuairisciú toghchán agus reifreann, trí threorú agus trí chóid chleachtais.

Ócáid Chomhairliúcháin don Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin de cuid an BAI

Forbairt

Líonra

Tionchar a Imirt agus Cumarsáid a Dhéanamh

Tacaíocht

Eolas

Guth atá ar an eolas agus a bhfuil muinín as i dtaobh an chraolacháin

Cothaíonn an BAI forbairt na bPolasaithe Craolacháin, agus cuireann sé comhairle ar an Aire agus ar chomhlachtaí ábhartha agus cuireann moltaí faoina mbráid i dtaobh cúrsaí craolacháin; déantar an obair sin freisin i gcomhar le comhlachtaí rialála eile. Pléann an BAI cúrsaí craolacháin ar bhealach réamhghníomhach leis an bpobal, le craoltóirí agus le páirtithe leasmhara; ar an gcaoi sin cothaíonn sé agus neartaíonn sé an dioscúrsa i dtaobh ról agus fhreagracht an chraolacháin. Ina chuid oibre, forbraíonn an BAI freisin modhanna straitéiseacha chun sonraí agus faisnéis a bhailiú ar mhaithe le cinnteoireacht atá éifeachtach agus atá bunaithe ar fhianaise.

Múchadh an Chórais Analógaigh agus an tAthrú go dtí an Córas Digiteach

Agus an t-athrú ó theilifís analógach go teilifís dhigiteach ("ASO") i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann ag teannadh linn gan mhoill, i mí Dheireadh Fómhair 2012, leanadh de rannpháirtíocht an BAI sa ghrúpa stiúrtha a bhunaigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, agus dá rannpháirtíocht san fheachtas náisiúnta a bhain leis an athrú go teilifís dhigiteach agus san fheachtas poiblíochta le haghaidh Saorview. Géaraíodh freisin i rith na bliana ar na cruinnithe de ghrúpa ASO na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann.

Reáchtáil an BAI freisin próiseas "Léirithe Spéise" chun an méid spéise a bhí ag soláthróirí lánas craolacháin i soláthar lánais a d'fhéadfaí a chraoladh ar ilphléacsanna saorchraolta RTÉ a fháil amach. Rinneadh é sin de thoradh treorach i mí Feabhra ón Aire nuair a shínigh sé ionstraim reachtúil 67 (Alt 26 den Acht) lenar tugadh roinnt feidhmeanna breise don BAI. D'eisigh an BAI tuarascáil agus moltaí, agus cuireadh iad sin faoi bhráid an Aire i mí na Bealtaine.

Scéim Chartlannaithe RTÉ

I rith 2011, d'iarr an tAire ar an BAI an Scéim Chartlannaithe a bhí beartaithe ag RTÉ a bhreithniú. Cuimsíonn Cartlann RTÉ stair agus cultúr an Chraolacháin Seirbhíse Poiblí in Éirinn ó thús an raidió i 1926 go bunú na chéad seirbhíse teilifíse i 1962 go dtí an aimsir seo féin. Is é cuspóir na dréachtscéime socrú a dhéanamh i dtaobh cheadúnú na húsáide agus an leasa a bhaineann tríú páirtithe as taifeadtaí fuaime agus teilifíse, a bhfuil na cearta cóipchirt agus cearta gaolmhara ag RTÉ orthu.Rinneadh anailís achomair ar chleachtas an chartlannaithe craolacháin i ndlínsí eile, agus fuarthas tuairimí freisin ón Roinn agus ó pháirtithe leasmhara tábhachtacha. Is í an tuairim mheáite a cuireadh faoi bhráid an Aire go dtagann an scéim atá beartaithe ag RTÉ go ginearálta leis na ceanglais reachtúla a bhaineann leis an eagraíocht. I mí Dheireadh Fómhair 2011, cuireadh bailchríoch ar thuairisc an Údaráis agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha í.

Láithreacht Náisiúnta / Idirnáisiúnta

Bíonn an BAI rannpháirteach go rialta i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le cúrsaí craolacháin. I rith 2011, bhí an BAI i láthair ag dhá chruinniú d'Ardán Eorpach na nÚdarás Rialála (EPRA) agus ghlac sé páirt i bpainéil ag na cruinnithe sin agus i ngrúpa oibre ar líne a phléigh ceist an tsuímh táirgí. Rinne an feidhmeannas ionadaíocht ar son na hÉireann freisin ag cruinnithe de chuid Choiste Teagmhála an Choimisiúin Eorpaigh in éineacht le hionadaithe de chuid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Plé le páirtithe leasmhara

Is mór ag an BAI an trédhearcacht agus an chuntasacht don phobal dá bhfónann sé agus tá ról ríthábhachtach ag oifig chumarsáide an BAI ó thaobh na nithe sin a chur chun cinn. Tugann an oifig freagra ar lear mór ceisteanna ón bpobal agus ón bpreas gach uile bhliain, agus in 2011 cuireadh an-spéis in ullmhú Ráiteas Straitéise agus Straitéis Seirbhísí Craolacháin na heagraíochta, mar aon le dul chun cinn na teilifíse digití trastíre agus an obair ar chóid agus rialacha éagsúla a bhaineann leis an gcraolachán. Baineadh an-tairbhe as comhairliúcháin rialta leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara i dtaca leis an obair ar thionscadail thábhachtacha atá ar bun e.g. an Straitéis Seirbhísí Craolacháin, na Rialacha maidir le Rochtain, an Cód i dtaca le Cumarsáidí Tráchtála do Pháistí, agus forbairt na rialála i dtaca le suíomh táirgí. Tugadh faoin gcumarsáid ar obair an BAI in 2011 trí phreaseisiúintí, fógraíocht agus an leas ba mhó ab fhéidir a bhaint as an suíomh gréasáin chun deimhin a dhéanamh de gur coinníodh na páirtithe leasmhara ar an eolas agus gur tugadh an deis dóibh páirt a ghlacadh in a lán de ghníomhaíochtaí na heagraíochta.

In 2011, reáchtáil an tÚdarás sraith cruinnithe a bhí dírithe ar pháirtithe leasmhara faoi leith; rinneadh sin ar mhaithe le plé a chothú ar chúrsaí craolacháin trí chéile, ar na socruithe rialála, agus le deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara cur agus cúiteamh a dhéanamh leis an Údarás. Ar na páirtithe leasmhara sin bhí TV3, RTÉ, TG4, IBI (Independent Broadcasters of Ireland), agus CRAOL.

Cuireann an BAI **urraíocht** ar fáil don tionscal ar mhaithe le misean, cuspóirí agus polasaithe an BAI a thabhairt i gcrích. Cuireann an urraíocht sin leis an tuiscint atá ar ghníomhaíochtaí an BAI i measc ár bpáirtithe leasmhara agus tugtar tacaíocht thar a bheith tábhachtach don tionscal fosta dá bharr. In 2011, chuir an BAI breis is €143,000 d'urraíocht ar fáil d'imeachtaí agus do thionscnaimh éagsúla; orthu sin bhí Gradaim Raidió PPI, Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann, Gradaim na Meán do Mhic Léinn, Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath faoi urraíocht Jameson, Fleadh Scannán na Gaillimhe, agus Sounds Alive (mar chuid den Oíche Chultúir). Tugadh tacaíocht freisin don Ghaeilge agus do na meáin phobail.

Iniúchadh Faisnéise

Tá gealltanas tugtha ag an BAI, ina Straitéis, modhanna a fhorbairt chun sonraí a bhailiú agus a úsáid ar mhaithe le bonn láidir a chur le cinnteoireacht atá éifeachtach agus atá bunaithe ar fhianaise. Tionscadal fadtréimhseach atá ann, agus an chéad chéim de á reáchtáil in 2011. Scrúdaigh an BAI an bailiúchán faisnéise atá aige féin agus chuir tús le hiniúchadh inmheánach cuimsitheach ar an ábhar sin; dá thoradh sin, thángthas ar bhearta bainistíochta faisnéise a mhaolóidh an t-ualach rialála atá ar pháirtithe leasmhara agus an t-ualach riaracháinsa BAI féin.

Taighde

Déanann an BAI taighde a choimisiúnú, de réir mar is gá, chun bonn téagartha a chur leis an bprionsabal gur ar fhianaise a bhunaíonn an tÚdarás a chuid cinnteoireachta. Is iad na píosaí taighde is suntasaí a rinneadh in 2011 an anailís mhargaidh agus an anailís ar chothú, a rinneadh chun bonn láidir a chur le hullmhú rialacha i dtaobh fógraíocht bianna a bhfuil a lán saille, salainn agus siúcra iontu (HFSS). Rinneadh taighde dlínsiúil fosta le cúnamh a thabhairt don Údarás agus dréachtchód maidir le Cothroime, Neamhchlaontacht agus Oibiachtúlacht á ullmhú aige.

Gach bliain, déantar taighde a cistíodh tríd an Scéim Chistiúcháin don Taighde sna Meáin (MRFS) a roinnt leis an bpobal. I mí Iúil 2011, d'fhoilsigh an BAI tuarascáil taighde, a d'eascair as iarratas roimhe sin ar éirigh leis cistiú a fháil faoin MRFS; cíoradh sa tuarascáil sin bealaí ina gcuidíonn scéimeanna um léiriú clár, arna gcistiú ag an Rialtas, le forbairt agus inmharthanacht na hearnála raidió pobail.

Cosaint

Monatóireacht

Follasacht agus Freagracht na gCraoltóirí a Neartú

Gealltanas

Craoltóirí agus Conraitheoirí a Choimeád Cuntasach de réir Reachtaíochta agus Conarthaí

Tá ról ag an BAI ó thaobh deimhin a dhéanamh de go bhfuil seirbhísí na gcraoltóirí bunaithe ar riachtanais dháiríre an lucht éisteachta/féachana; go gcuirtear cóid agus caighdeáin chraolacháin i bhfeidhm ionas go mbíonn leas an phobail le sonrú orthu agus ionas go gcuirtear cosaint chuí ar fáil; agus deimhin a dhéanamh de go gcuireann craoltóirí seirbhíse poiblí luach ar airgead ar fáil do lucht éisteachta/féachana na hÉireann. Tugadh faoi thionscnaimh agus gníomhaíochtaí éagsúla i gcaitheamh na bliana d'fhonn an cuspóir straitéiseach sin a bhaint amach.

Imscrúdú faoi Alt 53 den Acht Craolacháin 2009

Foráiltear le hAlt 53 den Acht Craolacháin gur féidir leis an gCoiste um Chomhlíonadh imscrúdú a sheoladh ar ghnóthaí craoltóra, i gcás bhfuil imthosca ann a thugann le fios gur dealraitheach a chuid dualgas faoin Acht a bheith sáraithe ag an gcraoltóir sin, agus go gcinneann an Coiste um Chomhlíonadh gur cuí an sárú dealraitheach sin a imscrúdú agus tuairisc a thabhairt faoi.

I ndiaidh rialú na hArd-Chúirte i ndáil leis an gclár de chuid Prime Time Investigates ar RTÉ dar teideal 'MissiontoPrey', bhreithnigh an tÚdarás iarratas ón Aire Cumarsáide go bhfeidhmeodh an Coiste um Chomhlíonadh a chuid cumhachtaí faoi Alt 53 den Acht d'fhonn cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar cheart nó nár cheart imscrúdú a sheoladh.

Chinn an Coiste um Chomhlíonadh gur cheart imscrúdú a sheoladh, ag féachaint don dualgas reachtúil atá air leas an phobail a chosaint, don chomhfhreagras a fuair sé ón Údarás agus ón Aire, thar ceann an Rialtais, don Ordú Ceartúcháin a d'eisigh an Ard-Chúirt i ndáil leis an gclár dar teideal 'MissiontoPrey', agus don admháil ó RTÉ gurbh ionann agus teip thromaí bhreithiúnais an chaoi ar caitheadh leis an Ath. Reynolds sa chlár agus an chaoi ar milleadh a chlú sa chlár.

Cuimsíodh an méid seo a leanas i scóip an imscrúdaithe a seoladh ina dhiaidh sin:

- Scrúdú ar sháruithe dealraitheacha ó thaobh na bhforálacha san Acht a bhaineann le cothroime agus le príobháideachas, faoi mar a bhain siad leis an gcaoi ar caitheadh leis an Ath. Reynolds sa chlár

- Imscrúdú ar na fíricí a bhain le léiriú an chláir go dtí an t-am ar craoladh é, ar a n-áirítear:
    - imscrúdú ar na nósanna imeachta ginearálta i leith cláir a dhéanamh agus cur chuige RTÉ i leith comhlíonadh
    - forbairt an chláir ón gcoincheap go dtí gur craoladh é
    - na struchtúir agus na próisis a bhí i bhfeidhm i dtaca le faomhadh deiridh eagarthóireachta, agus comhlíonadh na struchtúr sin
    - an ról a bhí ag comhairle dlí agus cláir á ndéanamh in RTÉ
    - sceidealú agus nithe gaolmhara

D'aontaigh an Coiste um Chomhlíonadh freisin téarmaí ceapacháin an Oifigigh Imscrúdúcháin. Faoi dheireadh na bliana, bhí Anna Carragher – iarcheannasaí BBC Thuaisceart Éireann – ceaptha i ról an Oifigigh Imscrúdúcháin agus bhí tús curtha leis an réamhobair ar an imscrúdú. Measadh go mbeadh bailchríoch curtha ar an imscrúdú faoi dheireadh na chéad ráithe de 2012.

Ó tharla gurbh é seo an chéad uair a rinne an BAI imscrúdú faoi Alt 53 den Acht, thug an eagraíocht faoi phróiseas comhthreomhar tábhachtach chun róil agus freagrachtaí dlíthiúla éagsúla an Choiste um Chomhlíonadh agus an Údaráis faoin alt casta seo den Acht a chíoradh go mion.

Craoltóirí Seirbhíse Poiblí:Gealltanais, Feidhmíocht agus Cistiú

Tá roinnt feidhmeanna reachtúla ag an BAI i ndáil leis an dá chraoltóir seirbhíse poiblí in Éirinn – RTÉ agus TG4. Mar chuid dá ról ó thaobh cuntasacht agus trédhearcacht sa chaoi a mbaintear úsáid as cistí poiblí, tá freagracht thar a bheith tábhachtach ar an Údarás athbhreithniú a dhéanamh agus tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire ar bhonn bliantúil i dtaobh a mhéad ar chomhlíon gach aon cheann den dá chraoltóir seirbhíse poiblí na gealltanais a leag sé amach dó féin an bhliain roimhe sin, agus i dtaobh leordhóthanacht nó neamh-leordhóthanacht an chistithe phoiblí le go mbeadh ar chumas an chraoltóra seirbhíse poiblí a chuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhall. Anuas air sin, agus taobh istigh de thrí bliana ón am ar ritheadh an tAcht Craolacháin, ní mór don Údarás athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar leordhóthanacht an chistithe phoiblí do RTÉ agus do TG4 le go mbeadh ar a gcumas a gcuspóirí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích. Tá an mór-athbhreithniú seo tábhachtach de bhrí go nglactar cur chuige straitéiseach fadtréimhseach i leith riachtanais an dá chraoltóir seirbhíse poiblí i gcomhthéacs a bhfuil ag tarlú in Éirinn agus thar sáile. Bainfidh an tAire agus an Rialtas leas as forthorthaí an mhór-athbhreithnithe sin agus cinntí á ndéanamh acu i dtaca le leibhéal cuí na gcistí poiblí a bheidh de dhíth ar an dá eagraíocht.

Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta

Gach aon bhliain, bíonn dualgas ar RTÉ agus ar TG4 ráiteas bliantúil a dhréachtú i dtaobh gealltanais feidhmíochta; tugtar cuntas sa ráiteas sin ar na gníomhaíochtaí a bhfuil sé i gceist acu tabhairt fúthu, ag féachaint do na cuspóirí, na ráitis straitéise agus na ráitis seirbhíse poiblí atá acu araon. Ní mór don dá chraoltóir dul i gcomhairle leis an Aire agus leis an Údarás i ndáil lena ráiteas bliantúil agus an doiciméad a chur ar fáil don phobal trí chéile. Ba í 2011 an dara bliain a ndeachthas i gcomhairle leis an Údarás maidir leis na ráitis bhliantúla i dtaobh gealltanais feidhmíochta.

Cé go n-aithníonn an tÚdarás go bhfreastalaíonn an ráiteas i dtaobh gealltanais feidhmíochta ar pháirtithe leasmhara éagsúla agus ar leasanna ilchineálacha, tá an ráiteas tábhachtach ó thaobh an Údaráis de mar gur air a bhunaítear na hathbhreithnithe bliantúla ar chistiú a dhéantar ina dhiaidh sin. Ní mór, dá bhrí sin, go dtabharfadh na gealltanais a dhéantar sna ráitis bhliantúla aghaidh ar na nithe is cás leis an Údarás ó thaobh rialála de, ach go ndéanfaí freisin neamhspleáchas eagarthóireachta an chraoltóra a chosaint agus a choinneáil slán. Chuige sin, rinne an BAI obair thábhachtach chun

creat a ullmhú le haghaidh na ráiteas bliantúil, agus prionsabail éagsúla mar bhonn leis an gcreat sin; cuimsítear sa chreat sé théama leathana faoina bhféadfaí gealltanais a ghrúpáil. D'fhorbair an BAI freisin bearta feidhmíochta éagsúla a d'fhéadfaí a úsáid, agus moladh go bhféadfadh na craoltóirí féin bearta breise a chur leo sin. Bhí cruinnithe ag an BAI le RTÉ agus le TG4 araon maidir leis an gcreat beartaithe agus faoi dheireadh na bliana bhí dul chun cinn déanta i dtreo riachtanais rialála an BAI a thabhairt faoi chuimsiú phróiseas na ráiteas bliantúil ag an dá chraoltóir.

Athbhreithniú ar Chistiú Poiblí

In 2011, ceapadh Indecon International Consultants chun athbhreithnithe na bliana 2010 ar chistiú poiblí a dhéanamh i leith RTÉ agus TG4.

Maidir le TG4, cinneadh san athbhreithniú gur fheidhmigh an craoltóir go maith; b'eagraíocht éifeachtach é tríd is tríd agus luach ar airgead á thabhairt aige. Léiríodh roinnt imní faoin sciar den mhargadh atá ag an stáisiún a bheith ag meath agus faoi phróifíl an lucht féachana ó thaobh aoise agus inscne. Moladh don chraoltóir tuilleadh oibre a dhéanamh agus líon agus cineál a chuid gealltanas a athbhreithniú, díriú ar na dúshláin is suntasaí, agus tús áite a thabhairt do na nithe a mbaineann an tábhacht straitéiseach is mó leo. Sna moltaí a chuir sé faoi bhráid an Aire, mhol an tÚdarás fosta nár cheart aon laghdú a chur ar na cistí poiblí a bheidh le tabhairt don stáisiún, mar go ndéanfadh laghdú den sórt sin dochar d'iarracht an stáisiúin a chuid cuspóirí a thabhairt i gcrích.

San athbhreithniú a rinneadh ar RTÉ, cinneadh gur chomhlíon nó gur sháraigh an stáisiún a chuid spriocanna. Cuireadh suntas sa chaoi a bhfuil an stáisiún ag brath go mór anois ar an táille cheadúnais, i gcomhthéacs na ndroch-chúinsí geilleagracha atá i réim. Sonraíodh san athbhreithniú an deis atá ann a bheith níos éifeachtaí ó thaobh costas de agus níos barainní; sonraíodh na dúshláin atá i gceist ó thaobh modheolaíochtaí a chur i bhfeidhm chun luach ar airgead a thomhas, agus go gcaithfí tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu sin i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe a bheidh le déanamh amach anseo. Ceistíodh san athbhreithniú freisin an raibh na gealltanais a leag an craoltóir síos sách dúshlánach nó ar leibhéal sách ard. Léiríodh imní freisin i dtaobh phróiseas an athbhreithnithe agus an t-eolas cuí a fháil ón gcraoltóir. Sna moltaí a chuir sé faoi bhráid an Aire, mhol an tÚdarás nár cheart aon laghdú a chur ar na cistí poiblí a bheidh le tabhairt don stáisiún, i bhfianaise na n-iarrachtaí móra atá ar bun ag an RTÉ a bhonn costas reatha a laghdú agus a easnamh cistiúcháin a chur ina cheart.

Athbhreithniú Cúig Bliana ar Chistiú Poiblí

Cuireadh tús sa dara leath den bhliain leis an bpleanáil tionscadail don athbhreithniú cúig bliana ar chistiú poiblí, agus d'aontaigh an tÚdarás an cur chuige don phíosa tábhachtach oibre seo faoi dheireadh na bliana. Aontaíodh go gcuimseofaí roinnt bunghnéithe san athbhreithniú, ar a n-áirítear anailís mhargaidh; taighde ar a bhfuil ag tarlú sa chraolachán seirbhíse poiblí go hidirnáisiúnta; pleananna agus forbairtí straitéiseacha, agus iad costáilte, a bheith curtha isteach ag an dá chraoltóir seirbhíse poiblí don tréimhse cúig bliana; taighde lucht éisteachta/féachana agus forbairt ar chreat le haghaidh athbhreithnithe bliantúla ar chistiú amach anseo. I gcomhréir leis na forálacha reachtúla, d'fhiafraigh an BAI den Aire

an raibh nithe eile ann a theastaigh uaidh a thabhairt faoi chuimsiú an athbhreithnithe. De bharr chineál na hoibre agus luach an chonartha, aontaíodh tabhairt faoi phróiseas soláthair phoiblí go luath in 2012, d'fhonn críoch a chur leis an tionscadal faoi dheireadh na bliana sin.

Cód Cleachtas Cóirthrádála – Treoir ón BAI do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí

Faoin Acht Craolacháin, tá dualgas ar gach craoltóir seirbhíse poiblí cód cleachtas cóirthrádála a ullmhú agus a fhoilsiú; leagfar amach ansin na prionsabail a chuirfidh sé i bhfeidhm agus téarmaí á n-aontú aige i leith coimisiúnú clár-ábhair ó léiritheoirí neamhspleácha. Tá ceangal ar an BAI Treoir a ullmhú agus a chur faoi bhráid na gcraoltóirí seirbhíse poiblí maidir le formáid an chóid sin, agus ní mór do gach craoltóir seirbhíse poiblí an Treoir sin a bhreithniú ansin. Tar éis comhairliúchán fairsing leis na príomhpháirtithe leasmhara, d'fhoilsigh an BAI a Threoir i mí an Aibreáin 2011.

Is é an prionsabal is tábhachtaí ar a bhfuil Treoir an BAI agus aon chód cleachtas cóirthrádála bunaithe gur cheart, mar aitheantas don mhéid a dhéanann léiritheoir neamhspleách agus craoltóir seirbhíse poiblí araon sa phróiseas léiriúcháin, gur ag an léiritheoir neamhspleách a bheadh na cearta i gclár a choimisiúnaítear ón léiritheoir sin, ach amháin i gcás go bhfaigheann craoltóir nó páirtí eile seilbh ar na cearta sin ar bhealach follasach. Is ann don bhunphrionsabal sin chun deimhin a dhéanamh de go dtabharfar aitheantas don obair a dhéanann an dá pháirtí sa phróiseas a bhaineann le déanamh cláir. Déileáiltear freisin sa Treoir ón BAI leis an bhformáid ba cheart a bheith ar chód de chuid craoltóir seirbhíse poiblí; cuimsítear ansin ceisteanna ar a n-áirítear catagóirí cearta, cistiú léiriúcháin, saothrú tráchtála, cartlannú, agus réiteach díospóidí, i measc ceisteanna eile.

Ach a mbeidh a chód cleachtas cóirthrádála ullmhaithe ag gach craoltóir seirbhíse poiblí, is faoin Údarás a bheidh sé an cód deiridh a athbhreithniú, mar chuid de phróiseas chomhairliúcháin leis an Aire.

Comhlíonadh

Bunchuspóir de chuid an BAI is ea deimhin a dhéanamh de go bhfuil na bearta a bhaineann le comhlíonadh na gcraoltóirí cothrom comhréireach, go bhfuil riachtanais an lucht éisteachta/féachana le sonrú orthu, agus go bhfuil siad leordhóthanach le haghaidh tuairisciú ar bith atá de dhíth faoin reacht.

Agus an cuspóir seo ar intinn aige, d'ullmhaigh an eagraíocht Polasaí um Chomhlíonadh nua, agus d'fhaomh an tÚdarás an polasaí sin sa dara leath den bhliain. Baineann roinnt aidhmeanna leis an bpolasaí, agus ar na cinn is tábhachtaí acu sin tá an riachtanas cur chuige comhsheasmhach trédhearcach a bheith ann ó thaobh ghníomhaíochtaí an BAI i leith comhlíonadh; cultúr ar son comhlíonadh a chur chun cinn agus craolachán freagrach a chur chun tosaigh san earnáil; agus éascaíocht agus tacaíocht do réimsí eile d'obair an BAI, ar a n-áirítear ceadúnú agus ullmhú cód agus rialacha. Taobh thiar den pholasaí tá an prionsabal gur cur chuige bunaithe ar riosca a ghlacfar i leith comhlíonadh. Ciallaíonn sé sin i ndáiríre go mbunóidh an eagraíocht, feasta, a phlean oibre um chomhlíonadh ar rioscaí a shonrú agus a chur in ord tosaíochta agus ar na gníomhartha is gá chun iad sin a

bhainistiú, i gcomhréir leis an méid acmhainní a bheidh ar fáil. Cuimseofar sa chur chuige seo athbhreithniú ar threochtaí agus ullmhú spriocanna inghlactha bonnlíne um chomhlíonadh.

Tharraing an Coiste um Chomhlíonadh ar a raibh sa Pholasaí um Chomhlíonadh nuair a bhí a chuid pleananna straitéise um chomhlíonadh don chuid eile de 2011 agus do 2012 á réiteach aige. Bhí an Polasaí um Chomhlíonadh féin le foilsiú in 2012, ag féachaint do bhunú agus d'fheidhmiú Polasaí Forfheidhmiúcháin.

Plean um Chomhlíonadh

Monatóireacht ar Aschur na gCraoltóirí

Déanann na comhaltaí foirne monatóireachta sa BAI monatóireacht freisin ar lánas a chraoltar; is amhlaidh a iarrann siad ar na stáisiúin téipeanna d'ábhar craolta a chur ar fáil dóibh le haghaidh na hoibre sin. San éisteacht ghníomhach agus san fhéachaint ghníomhach seo, scrúdaítear comhlíonadh na gcód agus na rialacha reachtúla, ar a n-áirítear ceanglais éagsúla i dtaobh fógraíochta agus urraíochta. San áireamh sa chonradh atá ag gach aon stáisiún, bíonn ráiteas clárpholasaí aige a bhíonn aontaithe leis an BAI. Cuid eile den phróiseas monatóireachta is ea measúnú ar chomhlíonadh na ngealltanas i dtaobh lánais atá déanta ag na seirbhísí craolacháin agus atá leagtha amach ina gconradh.

Éilítear faoin Acht Craolacháin fosta go ndéanfaí measúnú ar chraoltóirí maidir le comhlíonadh na Rialacha maidir le Rochtain. Sna Rialacha maidir le Rochtain leagtar amach spriocanna céatadánacha atá ar na craoltóirí a bhaint amach maidir le fotheidealú agus, i gcás craoltóirí áirithe, maidir le clostuairisc. Bhreithnigh an Coiste um Chomhlíonadh in 2011 forthorthaí na n-athbhreithnithe a rinneadh ar chraoltóirí pobail, tráchtála agus seirbhíse poiblí. San athbhreithniú seo, léirigh an Coiste um Chomhlíonadh imní faoi na forthorthaí ó thaobh na seirbhísí teilifíse pobail. I gcás teilifís seirbhíse poiblí agus teilifís tráchtála, chinn an Coiste gur tháinig méadú ar an méid fotheidealúcháin sa tionscal trí chéile, ach mar sin féin nach raibh na spriocanna a aontaíodh bainte amach ag na craoltóirí agus/nó nach raibh caighdeán na bhfotheideal ar chaighdeán sásúil. Chinn an Coiste um Chomhlíonadh go raibh roinnt ceisteanna tábhachtacha ann a bhain le céatadáin, cáilíocht agus sceidil ar cheart breithniú breise a dhéanamh orthu i gcomhthéacs an athbhreithnithe reachtúil ar na Rialacha maidir le Rochtain.

Athbhreithnithe Bliantúla ar Fheidhmíocht

Déanann an BAI scrúdú níos leithne gach uile bhliain ar fheidhmíocht ghinearálta stáisiún faoi leith. Athbhreithnithe Bliantúla ar Fheidhmíocht a thugtar orthu seo, agus dírítear iontu ar úinéireacht agus rialú an stáisiúin, soláthar foirne, acmhainn airgeadais, cláreagrú agus comhlíonadh teicniúil; meascán d'fhéintuairisciú agus d'anailís feidhmiúcháin a bhíonn iontu. De thoradh na n-athbhreithnithe, bíonn eolas cothrom le dáta ag an BAI ar obair agus ar fheidhmíocht na stáisiún faoi leith, bíonn uirlis thairbheach ar fáil chun cuntas a choinneáil ar tharlúintí agus ar threochtaí san earnáil chraolacháin, agus bítear in ann anailís chomparáideach a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht san earnáil trí chéile.

Cuairteanna agus Iniúchtaí ar an Láthair Féin

Ní mór do na craoltóirí ceadúnaithe uile cloí leis na coinníollacha teicniúla atá leagtha síos ina gconradh. Cuireann an BAI iniúchtaí teicniúla i gcrích gach bliain agus in 2011 rinneadh iniúchadh ar 80 suíomh tarchuradóra; léiríodh tríd is tríd go raibh na coinníollacha á gcomhlíonadh mar is cóir, agus ní raibh ach cás amháin ann nár comhlíonadh iad.

Athruithe ar Chonarthaí

Athruithe ar Chonarthaí

Ó cheann ceann na bliana, faigheann an tÚdarás iarratais ó chonraitheoirí agus iad ag iarraidh cead a gconradh a athrú; ar na hathruithe a iarrtar bíonn athrú ar an struchtúr scairsheilbhe, athruithe ar an bhfoireann, agus cead gnéithe de chlárpholasaí an stáisiúin a athrú. De réir nádúr an athruithe a bhíonn á iarraidh, is féidir leis an bhfoireann feidhmeannais an t-athrú a fhaomhadh nó cuirtear an cheist faoi bhráid an Údaráis féin lena breithniú agus lena faomhadh.

In 2011, iarradh thart faoi **28** athrú ar chonarthaí; le húinéireacht agus rialú a bhain 22 díobh sin, le hathruithe ar chláir a bhain 5 eile, agus is le hathrú ar ainm seirbhíse a bhain ceann amháin díobh.

Bhí siad seo a leanas ar chuid de na hathruithe a breithníodh agus a faomhadh:

- Líonrú an dá sheirbhís réigiúnacha don óige de chuid iRadio, atá á n-oibriú ag Wilton Radio Limited, go ceann dhá bhliain ón 1 Meitheamh 2011.

- Seilbh ar 99.9% de na scaireanna in Setanta SportsChannel Ireland Limited a bheith faighte ag Danu Capital Partners Limited.

- Seilbh ar 41.52% de na scaireanna in Star Broadcasting Limited (ag trádáil faoin ainm Sunshine 106.8) a bheith faighte ag Broadcast Investments Limited agus ag Bay Broadcasting Limited araon.

- Athrú ar ainm CorkCampus Radio. An t-ainm UCC 98.3FM a cuireadh ar an stáisiún ina dhiaidh sin.

Bhreithnigh an tÚdarás freisin tograí ó Communicorp faoina gcuirfí athruithe ar roinnt dá seirbhísí ceadúnaithe dá gceadófaí iad. Mar sin féin, faoi dheireadh na bliana chuir an tÚdarás a chinneadh ar athló go dtí go bhfaighfí tuilleadh eolais i dtaobh na n-athruithe beartaithe.

CORP + ANAM

Magamedia

Tacaíocht

Measúnú

Éascaíocht a Dhéanamh don Fhoghlaim agus don Fhorbairt san Earnáil Chraolacháin

Líonra

Bíonn plé straitéiseach ag an BAI le craoltóirí lena riachtanais ó thaobh forbartha de a fháil amach agus le straitéisí a ghlacadh a thabharfaidh tacaíocht don earnáil chun a ról laistigh d'earnáil na meán i gcoitinne a fhorbairt agus a neartú.

Forbairt na hEarnála

I rith 2011, bhreithnigh agus d'athbhreithnigh an BAI an polasaí reatha atá aige i dtaobh fhorbairt na hearnála. Agus an t-athbhreithniú á dhéanamh aige, d'oibrigh an eagraíocht i gcomhar le craoltóirí agus le páirtithe leasmhara eile. Tugadh cuireadh do líonraí tionscail teacht chuig ceardlann d'fhonn aiseolas agus tuairimí a fháil uathu ar mhaithe le forbairt agus láidriú na hearnála. Casadh ionadaithe de chuid na gcraoltóirí don BAI freisin ar bhonn neamhfhoirmiúil chun eolas a fháil faoin gcur chuige atá acu faoi láthair i dtaca le hoiliúint agus forbairt, mar aon le tuairimí a fháil faoi pholasaí reatha an BAI. Tugadh roinnt ceisteanna chun suntais sa phróiseas i dtaca le cistiú agus tacaíocht chistiúcháin; an polasaí a bheith i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla nua agus le Ráiteas Straitéise an BAI; an riachtanas go mbeadh cumarsáid leanúnach ann idir an rialálaí, craoltóirí agus líonraí tionscail; agus an ceanglas dlíthiúil atá ar an BAI faisnéis a bhailiú agus a scaipeadh maidir leis na riachtanais scileanna san earnáil. De bharr fhorthorthaí an athbhreithnithe, ullmhaíodh Polasaí Earnála um Fhoghlaim agus Forbairt; d'fhaomh an tÚdarás an polasaí nua ag deireadh na bliana agus bhí sé le cur i ngníomh in 2012.

Gníomhaíochtaí maidir le Cistiú agus Forbairt

Gach bliain, faomhann an tÚdarás plean oibre agus buiséad le haghaidh imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt na hearnála. In 2011, cuireadh €470,000 ar fáil le haghaidh seacht gcroí-réimse gníomhaíochta san earnáil chraolacháin; cuireadh €300,000 den chiste sin i dtreo líonraí tionscail go sainiúil. Bhí siad seo a leanas ar chuid de na pointí ba mhó suntas ó thaobh cistiú de:

- Comhdháil de chuid AMARC-Europe i mBaile Átha Cliath, a reáchtáil Comhlachas Raidió Pobail na hÉireann (CRAOL); ghlac 96 rannpháirtí ó 26 tír páirt sa chomhdháil sin.
- Seisiúin chóitseála agus mheantóireachta a chuir Learning Waves ar fáil do láithreoirí a chuireann cláir éagsúla i láthair ar stáisiúin chraolacháin.
- Ceardlann fóraim do léiritheoirí chun tacaíocht a thabhairt do léiritheoirí teilifís phobail; an Comhlachas Teilifís Phobail (CTA) a bhí i mbun na ceardlainne sin.
- Measúnú ar riachtanais oiliúna, a rinne Comhlachas Léiritheoirí Neamhspleácha Raidió na hÉireann (AIRPI); de thoradh an mheasúnaithe sin, cuireadh clár sainoiliúna, máistir-ranganna agus ócáidí líonra le chéile.

Ar na dreamanna eile ar tugadh tacaíocht airgid dóibh bhí Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann, MediaDesk Ireland, Gild Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann, Líonra Raidió Ospidéil na hÉireann (IHRN) agus Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann (IFTA).

Chuir an BAI ciste €38,000 ar fáil freisin trína Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail don earnáil raidió pobail agus teilifís phobail. Baineadh úsáid as cistiú don earnáil raidió pobail chun meastóireacht sheachtrach náisiúnta a dhéanamh ar an lucht éisteachta sna ceantair shaincheadúnas pobail agus ar thionchar na seirbhísí éagsúla ar a bpobal áitiúil; fuair Teilifís Phobail Bhaile Átha Cliath (DCTV) tacaíocht chun meastóireacht a dhéanamh ar rannpháirteachas agus ionadaíocht na n-oibrithe deonacha.

Tuairimí

Craolachán Freagrach a Chur Chun Cinn agus an Lucht Éisteachta/ Féachana a Chumasú

Rochtain

Comhairliúcháin

Cóid agus Caighdeáin Chraolacháin a Cheapadh

Dar leis an BAI, is cuspóir é an craolachán freagrach atá ag na craoltóirí agus an rialálaí araon; chuige sin, coinníonn an eagraíocht na cóid agus na rialacha éagsúla craolacháin faoi athbhreithniú. Ba réimse tábhachtach é seo ar díríodh air in 2011; rinneadh obair mhór ar rialáil bia agus dí a bhfuil a lán saille, salainn agus siúcra ann; ullmhaíodh rialacha le haghaidh suíomh táirgí fosta.

Fógraíocht agus Páistí:Rialacha maidir le Réim Bia agus Cothú

I mí Lúnasa 2011, thug an BAI faoi chomhairliúchán poiblí i dtaobh na Rialacha maidir le Réim Bia agus Cothú atá in alt 11 den Chód um Chumarsáidí Tráchtála do Pháistí. Sa chomhairliúchán seo, iarradh ar an bpobal a dtuairimí a thabhairt ar an gcaoi ar cheart bia agus deoch a chur i láthair páistí ar an raidió agus an teilifís in Éirinn agus ar na rialacha agus rialacháin ba cheart don BAI a thabhairt isteach. Tharraing an comhairliúchán ar thuarascáil ó Ghrúpa Saineolaithe ar a raibh saineolaithe cothúcháin agus saineolaithe polasaí sláinte; ba iad na moltaí ón ngrúpa a úsáideadh mar phointe tosaithe don chomhairliúchán. Tugadh cuireadh don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile a dtuairimí a thabhairt faoi mholtaí an ghrúpa seo; ar cheann acu sin bhí moladh gur cheart na Rialacha maidir le Réim Bia agus Cothú atá sa Chód reatha a láidriú. Mhol an grúpa fosta go nglacfaí samhail maidir le cothaithigh a phróifíliú – samhail a ullmhaíodh sa Ríocht Aontaithe chun bia agus deoch a bhfuil a lán saille, salainn agus siúcra ann a rangú.

Fuarthas os cionn 230 aighneacht sa chomhairliúchán – ón bpobal, comhlachtaí sláinte, comhlachtaí oideachais, páistí, tuismitheoirí agus táirgeoirí bia. Ba léiriú soiléir é líon agus caighdeán na n-aighneachtaí a fuarthas sa chomhairliúchán ar an spéis mhór ilchineálach a bhí san ábhar. Mar chuid den bhreithniú a bhí le déanamh aige, chuir an tÚdarás fios ar anailís shaineolach neamhspleách ar na hargóintí a bhain le cothú agus ar na hargóintí a bhain le fógraíocht a tarraingíodh anuas sa phróiseas comhairliúcháin. Bhí obair bhreise ar na forálacha den Chód a bhaineann le réim bia agus cothú mar aon leis an dara céim den chomhairliúchán poiblí le leanúint ar aghaidh in 2012.

An Cód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta – Suíomh Táirgí

Tá na rialacha i leith cumarsáidí tráchtála (ar a n-áirítear fógraíocht, urraíocht agus suíomh táirgí) leagtha amach sa Chód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta de chuid an BAI. Rinneadh athbhreithniú in 2011 ar na rialacha sa chód seo a bhaineann le suíomh táirgí. Mar chuid de chomhairliúchán poiblí a reáchtáladh, d'iarr an BAI tuairimí i dtaobh ar cheart nó nár cheart don BAI suíomh táirgí ar bhonn íocaíochta a cheadú. Is iomaí sin tuairim, agus iad ag teacht salach ar a chéile go minic, a léiríodh sna haighneachtaí a fuarthas sa chomhairliúchán le spriocghrúpaí agus sa chomhairliúchán poiblí – comhairliúchán a raibh ceardlann le craoltóirí ann lena linn.

De thoradh na leasuithe a rinneadh ar na rialacha maidir le suíomh táirgí, socraíodh go mbeadh cead ag craoltóirí Éireannacha suíomh táirgí ar bhonn íocaíochta a úsáid ó mhí na Bealtaine 2011. Is é aidhm na rialacha a tugadh isteach cead a bheith ag craoltóirí ioncam a ghnóthú ó shuíomh táirgí ar bhonn íocaíochta ach go gcinnteofaí freisin go gcosnófar leas an lucht éisteachta/féachana mar aon le slánchúis agus neamhspleáchas lucht déanta na gclár. Tá srianta sna rialacha freisin ar a n-áirítear toirmeasc ar shuíomh táirgí ar bhonn íocaíochta ar chláir nuachta agus cúrsaí reatha, cláir faisnéise, cláir reiligiúnacha agus cláir chomhrá nó chainte ina mbíonn de bhreis ar 20% den chlár ag plé le cúrsaí reatha.

Tugadh rialacha breise isteach freisin i dtaca le hurraíocht a dhéanamh ar chláir agus suíomh táirgí saor in aisce. Seoladh an Cód leasaithe ag tús mhí na Bealtaine 2011.

Na Rialacha maidir le Rochtain

Faoin Acht Craolacháin 2009, cuirtear de cheangal ar chraoltóirí bearta a chur i gcrích chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh teacht ag daoine atá bodhar, ar bheagán éisteachta, ar bheagán amhairc nó dall ar chláir dhúchasacha ar ardchaighdeán. Trí na Rialacha maidir le Rochtain, tá rún daingean ag an BAI oibriú i gcomhar le craoltóirí ar mhaithe leis an lucht éisteachta/féachana go léir agus a gcuid riachtanas i dtaca le fotheidealú, comhairliúchán leanúnach a dhéanamh le grúpaí úsáideoirí, agus na seirbhísí a chur chun cinn. Anuas ar an méid sin, caithfidh RTÉ1 agus RTÉ2 spriocanna a chomhlíonadh a bhaineann le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus le Clostuairisc agus le fotheidealú clár do pháistí.

Rinneadh athbhreithniú in 2011 ar na Rialacha maidir le Rochtain agus áiríodh ar an athbhreithniú sin taighde, comhairliúchán le lucht úsáide na seirbhísí rochtana mar aon le hathbhreithniú ar an dul chun cinn a bhí déanta ag na craoltóirí. Ullmhaíodh rialacha leasaithe maidir le rochtain chun déileáil le ceisteanna infhaighteachta, iontaofachta, agus cáilíochta ó thaobh na seirbhísí rochtana de. Seoladh an comhairliúchán i mí na Nollag 2011 agus é de chuspóir leis sin na rialacha leasaithe a bheith á seoladh sa chéad leath de 2012.

Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta (Amanna in aghaidh an Lae agus in aghaidh na hUaire)

Nuair a leasaigh an BAI a chuid Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta in 2010, agus méadú curtha dá réir ar na teorainneacha fógraíochta a bhain le stáisiúin teilifíse tráchtála neamhspleácha, gheall sé go n-athbhreithneofaí tionchar an Chóid ach a mbeadh sé i bhfeidhm le dhá mhí dhéag.

I mí Mheán Fómhair 2011, sheol an tÚdarás cur chuige dhá chéim don athbhreithniú ar na rialacha. Sa chéad chéim, rinneadh comhairliúchán sonraithe le páirtithe leasmhara atá in iomaíocht le seirbhísí teilifíse tráchtála neamhspleácha le haghaidh ioncam fógraíochta. Sa dara céim, rinneadh anailís chriticiúil ar na freagraí a thug na páirtithe leasmhara ar na ceisteanna a bhí sa cheistneoir; sainchomhairleoir/anailísí margadh fógraíochta ag a raibh taithí chuí a rinne an anailís sin. Sa tuarascáil a eisíodh de thoradh an phróisis, cinneadh nach raibh dóthain sonraí le fáil fós chun tionchar na Rialacha a mheas. Bhí an tÚdarás le fionnachtana na tuarascála agus na himpleachtaí a bhaineann leis a bhreithniú go luath sa Bhliain Nua.

Lucht Féachana/Éisteachta a Chur ar an Eolas, a Oiliúint agus a Chumasú

Cumarsáid ghinearálta idir na craoltóirí agus an lucht éisteachta/féachana – próiseas chun gearáin a láimhseáil.

Tá de cheart ag daoine a mbarúil a thabhairt faoi lánas a chraoltar agus dúshlán an mhéid a chraoltar a thabhairt; is féidir é sin a dhéanamh trí aiseolas a thabhairt go díreach do na craoltóirí agus trí phróiseas gearán an BAI.

In 2011, d'oibrigh an BAI go dlúth le craoltóirí chun deimhin a dhéanamh de go raibh **Cód Cleachtais chun Gearáin a Láimhseáil** i bhfeidhm i ngach aon stáisiún. Tá Cóid Chleachtais le fáil anois ar shuíomhanna gréasáin na gcraoltóirí go léir. Ó mhí na Bealtaine 2011, chuir an BAI athrú ar an bpróiseas agus éilítear anois gur cheart gearáin, ar an gcéad iarraidh, a chur faoi bhráid an chraoltóra. Tá dualgas ar an gcraoltóir déileáil le gearán ar bith a chuirtear faoina bhráid de réir an Chóid Chleachtais chun Gearáin a Láimhseáil atá foilsithe aige. Féadfaidh gearánach ansin an gearán a chur faoi bhráid an BAI má bhíonn sé/sí míshásta le freagra an chraoltóra nó más rud é nach n-admhaíonn an craoltóir go bhfuair sé an gearán nó nach dtugann freagra air.

218 gearán a phróiseáil an BAI ar bhonn foirmiúil in 2011. As na 218 gearán, réitíodh 100 chun sástacht na ngearánach, tar éis don BAI freagra a fháil ón gcraoltóir; i gcás 2 cheann de na gearáin, tharraing an gearánach an gearán siar; tarraingíodh 4 ghearán siar ar bhonn anaithnideachta; agus cinneadh gur ghearáin neamhbhailí 2 cheann de na gearáin.

Baineann an BAI úsáid as Fóram Gearán an Fheidhmeannais chun an breithniú tosaigh a dhéanamh ar ghearáin áirithe, i gcomhréir leis na prionsabail agus na nósanna imeachta atá leagtha síos ag an gCoiste um Chomhlíonadh le haghaidh fheidhmiú an Fhóraim. Réitigh an Fóram 52 de na gearáin a fuair sé i rith na bliana agus cuireadh na 58 gearán eile faoi bhráid an Choiste um Chomhlíonadh lena mbreithniú. Sheas an Coiste le 16 ghearán, sheas sé go páirteach le 1 ghearán amháin, agus dhiúltaigh sé do 41 gearán.

Tábla ina léirítear láimhseáil na ngearán ag an BAI in 2011.

Gearáin a tugadh ar aghaidh ó 2010:		**Gearáin a próiseáladh in 2011 Iomlán Chatagóir na nGearán**		**Forthorthaí na ngearán a próiseáladh in 2011**	
Réitithe	14	Cothroime, oibiachtúlacht & neamhchlaontacht	101	Réitithe	100
Réitithe ag Fóram Gearán an Fheidhmeannais	8	An Cód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta	18	Réitithe ag Fóram Gearán an Fheidhmeannais	52
Anaithnideacht tarraingthe siar	1	Dlí agus Ceart Príobháideacht an Duine Aonair	2	Anaithnideacht tarraingthe siar	4
Diúltaithe	4	An Cód Caighdeán Clár	2	Tarraingthe siar ag an ngearánach	2
Seasadh leo	2	Neamhbhailí	94	Neamhbhailí	2
				Gearáin a bhreithnigh an Coiste um Chomhlíonadh	
Seasadh leo go páirteach	1		1	Seasadh leo	16
				Seasadh leo go páirteach	1
				Diúltaithe	41
IOMLÁN 30		**IOMLÁN 218**		**IOMLÁN 218**	

Foilsítear na cinntí go léir ar shuíomh gréasáin an BAI.

An Scéim Cead Freagartha

Tháinig an Scéim Cead Freagartha i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2011. Tá an Scéim leagtha amach de réir reachtaíochta go mion, agus is ann dó chun gur féidir le duine iarracht a dhéanamh fíricí míchearta nó eolas mícheart a cheartú i gcás fíricí nó eolais a craoladh i dtaobh an duine, nuair atá craoladh na nithe sin tar éis dochar a dhéanamh d'oineach nó do chlú an duine sin. Is é cuspóir na Scéime sásamh tapa a thabhairt d'aon duine a bheadh ag iarraidh go gcuirfí i gcrích a c(h)eart go gceartófaí fíricí míchearta nó eolas mícheart, agus an deis a thabhairt na himeachtaí costasacha dlí, a bhíonn i gceist de ghnáth i bpróiseas den sórt seo agus a gcaitear a lán ama leo, a sheachaint.

Ní bhfuarthas aon iarratas ar chead freagartha faoin scéim seo sa mhéid a bhí fanta den bhliain.

Litearthacht sna Meáin i gComhthéacs Éireannach

Cuspóir de chuid an BAI ia ea iarracht a dhéanamh tionscnaimh um litearthacht sna meáin a chur chun cinn a fheabhsóidh cumas an phobail lánas cláir a bhreithniú agus a mheasúnú, saol an chraolacháin a thuiscint agus plé a dhéanamh leis an saol sin, agus rannpháirtíocht a bheith acu ann. Déanann an BAI litearthacht sna meáin a chur chun cinn sa chur chuige atá aige i leith fhorbairt agus leasú na gcód agus na gcaighdeán éagsúil atá aige don chraolachán; sa taighde a dhéanann sé, trí ghnéithe den obair a dhéanann na líonraí a dtugann sé tacaíocht dóibh agus, le deireanas, trí urraíocht ar imeachtaí. Go luath in 2011, rinne an BAI urraíocht ar 'Ócáid um Litearthacht sna Meáin' de chuid MediaDesk Ireland.

In 2011, cuireadh beart mapála i gcrích chun an ghníomhaíocht um litearthacht sna meáin in Éirinn faoi láthair a rianú agus chun é sin a chur i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Áiríodh san obair seo plé le páirtithe leasmhara i dtaobh an ábhair seo i gcaitheamh na bliana, ar mhaithe le dearcthaí an tionscail a fháil amach mar aon le tuairimí na gcomhlachtaí oideachais agus forbartha atá ag saothrú i réimse na litearthachta sna meáin a lorg.

Seoladh Comhchomhairle na Rialacha Rochtana

Comhlíonadh

Cuntasacht

Rialachas agus Forbairt na hEagraíochta

Dul Chun Cinn

Forbairt

An BAI a fhorbairt mar eagraíocht seirbhíse poiblí atá luaineach, éifeachtach agus proifisiúnta

De bharr a chasta is atá struchtúr an BAI, de réir mar atá leagtha amach sa reachtaíocht, tá eagraíocht láidir comhtháite ag teastáil a bheidh in ann oibriú lena chéile ar bhealach éifeachtúil fónta. De bharr na ndúshlán acmhainní atá ann, tá athruithe suntasacha curtha ar chleachtais oibre agus tá an leas is fearr is féidir á bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ionas gur féidir plean dúshlánach oibre trí bliana a chur i gcrích.

Tá rún daingean ag an eagraíocht freisin creat téagartha rialachais a chur i bhfeidhm; mar aitheantas don tábhacht atá leis an réimse seo de ghníomhaíocht an BAI, tá an tÚdarás tar éis fochoiste dá chomhaltaí a bhunú ar a dtugtar an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca (FAR).

Tugtar léargas sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil ar na forbairtí eagraíochtúla a tharla i rith na bliana, tugtar tuairisc ann ar ghníomhaíochtaí Choiste FAR, agus tugtar cuntas ar an dul chun cinn a rinneadh i dtaca le gealltanais faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

Feidhmiú an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla

In 2011, rinne an BAI athbhreithniú ar fheidhmiú agus ar fheidhmíocht an Údaráis, faoi mar is gá do a dhéanamh gach bliain faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Rinneadh roinnt moltaí agus cuireadh i gcrích na moltaí sin; déanfar iad sin a athbhreithniú an athuair in 2012. Bhí cruinnithe den triúr Cathaoirleach ann uair sa ráithe; ar na nithe a pléadh bhí an straitéis agus an plean oibre, tacaíochtaí acmhainní, rialachas corparáideach, agus an chumarsáid idir an tÚdarás agus na Coistí.

Chomhlíon an BAI fosta na hoibleagáidí rialachais uile atá air, bídís ar bhonn Reachtúil nó ar bhonn Cód Cleachtais; áiríodh ar na hoibleagáidí sin deimhin a dhéanamh de gur cuireadh i gcrích an tuairisciú airgeadais agus gur cuireadh isteach na meastacháin trí bliana.

An Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca (FAR)

Bhunaigh an tÚdarás Coiste FAR in 2010. Tá freagrachtaí agus dualgais éagsúla ar an gcoiste faoi mar atá leagtha amach sna Téarmaí Tagartha a bhaineann leis. Cuimsíonn siad sin córais rialúcháin inmheánaigh, iniúchadh seachtrach agus iniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca agus gnásanna airgeadais. Ní mór do Choiste FAR faisnéis a thabhairt don Údarás ceithre huaire sa bhliain ar a laghad i ndáil leis na dualgais éagsúla atá air, agus déantar a chuid téarmaí tagartha a athbhreithniú uair sa bhliain lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach ábhartha i gcónaí don aimsir atá ann.

Faoina théarmaí tagartha, ní mór ceithre chruinniú sa bhliain a bheith ag FAR. Sé chruinniú a bhí ag an gCoiste in 2011 agus phléigh sé nithe éagsúla; tugtar léargas ginearálta ar na nithe sin anseo thíos:

Airgeadas:

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag Coiste FAR ó thaobh athbhreithniú a dhéanamh ar chuntais bhainistíochta mhíosúla na heagraíochta agus ó thaobh maoirseacht ghinearálta ar chúrsaí airgeadais na heagraíochta. Breithníonn sé freisin ráitis airgeadais neamhiniúchta agus iniúchta agus ráitis leathbhliantúla Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Chiste Craolacháin agus cuireann faoi bhráid an Údaráis iad agus molann don Údarás iad a ghlacadh. Baineann ról Choiste FAR freisin le breithniú a dhéanamh ar mheastacháin trí bliana na heagraíochta.

Iniúchadh

Déanann an Coiste maoirseacht ar an iniúchadh seachtrach agus inmheánach. I gcaitheamh 2011, lean an Coiste d'fhorfheidhmiú an phlean iniúchta inmheánaigh trí bliana. Rinneadh trí iniúchadh inmheánacha in 2011 i dtaca le Tobhach an BAI, Pleanáil agus Bainistíocht Airgeadais, agus Comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Bhí plé ag Coiste FAR fosta le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis an iniúchadh ar ráitis airgeadais na heagraíochta; mar chuid den phlé sin bhí cruinniú ag an gCoiste le hionadaithe ó Oifig an Ard-Reachtaire i mí an Mheithimh.

Riosca:

Is píosa riachtanach oibre in aon eagraíocht seirbhíse poiblí í an bhainistíocht riosca. Ullmhaíodh 'Creat Bainistíocht Riosca' agus d'fhaomh an tÚdarás an creat sin i mí Eanáir 2011. Leagtar amach sa chreat na próisis agus na meicníochtaí praiticiúla atá i bhfeidhm ag an Údarás chun riosca a bhainistiú. Ar na gnéithe is tábhachtaí de sin tá clár rioscaí a bheith curtha i dtoll a chéile, oifigeach riosca a bheith ceaptha, tuairisciú rialta ar riosca, agus bainistíocht riosca a bheith tugtha isteach sa bhainistíocht tionscadail sa BAI. D'fhaomh an tÚdarás an clár rioscaí i mí an Mheithimh agus ba mhír sheasta é lena bhreithniú ar chlár oibre Choiste FAR feasta ina dhiaidh sin.

Bainistíocht cisteáin:

Bhreithnigh Coiste FAR ceisteanna polasaí agus d'athbhreithnigh sé infheistíochtaí de chuid na heagraíochta ar bhonn leanúnach, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar shreabhadh airgid na heagraíochta.

Athbhreithniú ar pholasaí:

Chomh maith le polasaithe infheistíochta an BAI, bhí polasaithe eile ann a bhreithnigh an BAI in 2011; ina measc sin bhí an Polasaí Taistil & Cothabhála agus Polasaí Cárta Creidmheasa an BAI. Lena chois sin, ghlac Coiste FAR le polasaí ar nósanna imeachta formhéadúcháin i leith an tobhaigh, le haghaidh neamhíoc an tobhaigh, agus bhí an polasaí sin le cur faoi bhráid an Údaráis lena fhaomhadh ag deireadh na bliana.

Athbhreithniú ar an Tobhach:

Bhreithnigh Coiste FAR forthorthaí an athbhreithnithe ar an tobhach agus ghlac le moltaí i dtaobh feabhsúcháin ar an bpróiseas, a bhí le breithniú agus le faomhadh ag an Údarás go luath in 2012.

Ráiteas Straitéise agus Pleanáil Oibre

Seoladh an chéad Ráiteas Straitéise de chuid an BAI go luath i mí Eanáir agus foilsíodh plean oibre trí bliana, a d'eascair ón Straitéis, sa chéad ráithe den bhliain. Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú uair sa ráithe ar thabhairt i gcrích na mbunspriocanna inghnóthaithe atá sa phlean oibre agus déanann an tÚdarás athbhreithniú i lár na bliana.

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014

Faoi théarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí (Comhaontú Páirc an Chrócaigh) 2010-2014, tá gealltanais éagsúla déanta ag an BAI agus é d'aidhm leo feabhas a chur ar obair na heagraíochta ó thaobh bainistíocht acmhainní daonna, próisis ghnó agus soláthar seirbhísí don saoránach. Chomh maith le tuairisc ar dhul chun cinn a thabhairt don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha uair gach sé mhí, mar a dhéanann gach gníomhaireacht seirbhíse poiblí, gheall an BAI freisin go dtabharfadh sé tuairisc ar dhul chun cinn ina Thuarascáil Bhliantúil gach aon bhliain.

Bainistíocht Acmhainní Daonna Níos Fearr

An Próiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMD) a Neartú

Gné fhíorthábhachtach de na gníomhartha atá beartaithe ag an BAI sa réimse seo is ea déileáil go sonrach leis an gcaoi a ndéileáiltear leis an bhfeidhmíocht, a dtugtar luach saothair ina leith agus a dtugtar a dúshlán mar aon le deimhin a dhéanamh de go bhfuil an cur chuige i leith bainistíocht agus forbairt feidhmíochta ag teacht le struchtúr nua maitríse na heagraíochta. Faoi dheireadh na bliana, bhí athmheas déanta ar Pholasaí PMD an BAI agus bhí bailchríoch á cur air. Reáchtáladh ceardlann leis na bainisteoirí sinsearacha agus cuireadh bailchríoch ar an bpleanáil chun an polasaí a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm in 2012.

Oifig Bainistíochta Tionscadal

Bhunaigh an BAI Oifig Bainistíochta Tionscadail chun an mhodheolaíocht a bhaineann le bainistíocht tionscadail a chaighdeánú ar fud na heagraíochta. Tá an Oifig Bainistíochta Tionscadail tar éis méadú a chur ar an bhfeiceálacht a bhaineann le húsáid acmhainní, tar éis tacaíocht a thabhairt don chinnteoireacht i dtaca le leithdháileadh acmhainní, agus tar éis cuidiú leis an mbreithmheas agus an bhainistíocht a dhéantar ar riosca tionscadail.

Próisis Ghnó Níos Fearr

Soláthar Seirbhísí Dlí: Bhunaigh an BAI Creat Seirbhísí Dlí le haghaidh sholáthar na seirbhísí dlí a bhíonn de dhíth ar an eagraíocht. Naoi gcuideachta san iomlán atá sa chreat agus cuimsítear ansin na cineálacha uile obair dhlí a bhíonn de dhíth ar an Údarás. Tá de dhea-thoradh ar an gcreat nach bhfuil an eagraíocht ag brath an oiread is a bhíodh ar chuideachta amháin faoi leith; tá teacht freisin ar shaineolas breise dá bharr, agus tá laghdú tagtha dá thoradh ar an am a mbítear ag feitheamh le comhairle dlí.

Tionscnamh Teicneolaíocht Faisnéise: In 2011, chuir an BAI tús le Tionscnamh Teicneolaíocht Faisnéise agus tréimhse trí bliana luaite leis; is é cuspóir an Tionscnaimh seirbhís a bheith ag an eagraíocht atá faoi thiomáint na teicneolaíochta agus feabhas ar éifeacht na n-oibríochtaí dá réir. Is é aidhm fhadtréimhseach an tionscadail gur seirbhís ar líne a bheidh i réim i gcás sholáthar seirbhíse na heagraíochta. In obair na bliana 2011, díríodh ar bhainistíocht caidreamh custaiméirí a fhorbairt, agus díríodh i dtosach san obair sin ar a lán de ghnéithe Scéim Chistiúcháin Fís & Fuaim a chur ar bhonn uathoibríoch.

Oiliúint agus Forbairt na Foirne: Chuir an eagraíocht roimpi tionscnaimh éagsúla oiliúna a sheachadadh in 2011; a lán díobh sin, is san eagraíocht féin a seachadadh iad agus ní raibh aon chostas breise ar an eagraíocht dá thoradh sin. Chuir an eagraíocht tús fosta le próiseas uasoiliúna don fhoireann i réimse na bainistíochta tionscadail, agus rinneadh pleananna chun comhaltaí foirne a oiliúint i Modheolaíocht Prince 2.

Beart a Dhéanamh don Saoránach

Aistriú Comhad Leictreonach: Cuireadh íocaíocht trí EFT i bhfeidhm i gcás sholáthróirí uile an BAI faoi dheireadh na bliana; dá bharr sin, cuireadh feabhas ar éifeachtúlacht na n-íocaíochtaí a dhéantar le soláthróirí agus laghdaíodh an méid ama a bhíonn le caitheamh ag an bhfoireann ar na cúraimí seo.

Rochtain bhreise ar fhaisnéis tríd an ngréasán: Rinneadh obair mhór in 2011 chun suíomh gréasáin an BAI a athdhearadh ionas gurbh fhusa teacht ar ábhar ar an suíomh sin. Athdhearadh comhéadan an tsuímh freisin ionas go bhféadfaí faisnéis a thabhairt cothrom le dáta go furasta, gan tacaíocht ón taobh amuigh a bheith ag teastáil.

Táthar ag iarraidh go mbeadh teacht ag saoránaigh agus ag craoltóirí ar fhaisnéis thráthúil shothuigthe go furasta agus go héifeachtach, agus tá forbairt á déanamh air seo go seasta. Cuid ríthábhachtach den seachadadh seo is ea faisnéis a bheith á soláthar i bhformáidí éagsúla. Rinneadh an-chuid plé leis an bpobal trí phróisis chomhairliúcháin phoiblí in 2011 agus tá an eagraíocht tar éis úsáid ghníomhach a bhaint as na meáin dhigiteacha agus shóisialta chun ócáidí a mbeadh spéis ag an bpobal iontu a phoibliú.

Údarás Craolacháin na hÉireann

Ráitis Airgeadais

Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch
an 31 nollaig 2011

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Údarás Craolacháin na hÉireann

De bhun théarmaí an Achta Craolacháin 2009 (an tAcht), tá Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) freagrach as ráitis airgeadais don bhliain ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2011 a ullmhú, chun léargas fírinneach, cothrom a thabhairt ar chúrsaí mar atá ag Údarás Craolacháin na hÉireann amhail ar an 31 Nollaig 2011 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, tá dualgas ar an Údarás:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach, stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an tÚdarás de bheith i ngníomh;
- Dearbhú a thabhairt i dtaobh caighdeáin ábhartha chuntasaíochta a bheith nó gan a bheith curtha i bhfeidhm, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as:

- Leabhair chearta chuntas a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais mír 37(2) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm arna faomhadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.
- Sócmhainní Údarás Craolacháin na hÉireann a chumhdach agus bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach

Comhalta den Údarás

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, admhaím go bhfuil freagracht ar an Údarás as deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á chur i ngníomh de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcumhdach, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil – ní féidir leis deimhniú absalóideach a thabhairt ina leith seo.

Príomhnósanna Imeachta Rialúcháin

Tá na bearta seo a leanas curtha i gcrích ag an Údarás chun timpeallacht chuí rialúcháin a dheimhniú:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna móra sa rialú a thuairisciú agus deimhin a dhéanamh de go ngníomhaítear chun é sin ina cheart.

Tá próisis bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó a shonrú agus a mheas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh an gcomhlacht a shonrú, ar a n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha.
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sonraithe.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Is ar chreat faisnéis rialta bhainistíochta, ar nósanna imeachta riaracháin ar a n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta a bhí an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe. Áiríodh air, go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadúcháin ar ghabh buiséad bliantúil leis a d'athbhreithnigh agus a d'aontaigh an tÚdarás.
- Athbhreithnithe rialta ag an Údarás ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léirigh an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- Spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas.
- Treoirlínte um rialú infheistíocht chaipitil atá sainithe go soiléir.

Feidhmítear feidhm iniúchta inmheánaigh, agus baintear úsáid as anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht faoina réir mar threoir le haghaidh obair na feidhme sin. Bíonn an plean iniúchta bliantúil bunaithe ar an anailís sin.

Bhí faireachán agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais á dtreorú ag obair an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca a rinne maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na mbainisteoirí feidhmiúcháin in Údarás Craolacháin na hÉireann a bhí freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais, agus ag nithe a dúirt an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2011.

Arna shíniú thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann.

Cathaoirleach

Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Authority of Ireland

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland for the year ended 31 December 2011 under the Broadcasting Act 2009. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the Statement of Accounting Policies, the Income and Expenditure Account, the Balance Sheet, the Cash Flow Statement and the related notes. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is applicable law and Generally Accepted Accounting Practice in Ireland.

Responsibilities of the Authority

The Authority is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view of the state of the Broadcasting Authority of Ireland affairs and of its income and expenditure, and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of Audit of the Financial Statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

Opinion on the Financial Statements

In my opinion, the financial statements, which have been properly prepared in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, give a true and fair view of the state of the Authority's affairs at 31 December 2011 and of its income and expenditure for the year then ended.

In my opinion, proper books of account have been kept by the Authority. The financial statements are in agreement with the books of account.

Matters on which I Report by Exception

I report by exception if

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- my audit noted any material instance where moneys have not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the Statement on Internal Financial Control does not reflect the Authority's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- I find there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Andrew Harkness
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
29 **June 2012**

Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta

Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Rinneadh na Ráitis Airgeadais don Údarás, atá i bhfoirm atá faofa ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le toiliú an Aire Airgeadais, a ullmhú ar bhonn fabhruithe, ach amháin de réir mar atá sonraithe thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis. Déantar caighdeáin um thuairisciú airgeadais atá molta ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta a ghlacadh de réir mar a thagann siad chun bheith infheidhme. Is é an euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na cuntais airgeadais ainmnithe.

Ioncam

Tobhach

Is é an phríomhfhoinse ioncaim atá ag an Údarás na tobhaigh a ghearrtar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 33(1) den Acht Craolacháin 2009. Baintear úsáid as an tobhach chun na speansais a bhaineann le feidhmiú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla a chistiú agus tá sé bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe le haghaidh bliain airgeadais ar leith.

Faoi Alt 33(5) den Acht Craolacháin 2009, aon bharrachas ioncam tobhaigh de bhreis ar na speansais iarbhír a thabhaíonn an tÚdarás agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe, déanfar an barrachas sin a fhritháireamh in aghaidh oibleagáidí tobhaigh don bhliain dár gcionn, nó déanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthróirí seirbhísí craolacháin ar a ngearrtar an tobhach.

Leagtar amach san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 33) 2010 an bonn ar a ndéantar an tobhach a ríomh.

Ioncam ón Táille Cheadúnais

De bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, tá an BAI freagrach as conarthaí a dheonú le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Go ginearálta, déanann an BAI dhá chineál conarthaí le hoibreoirí craolacháin, mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin
- Conarthaí um Sholáthar Lánais

Iarratasóirí ar chonarthaí craolacháin nó ar chonarthaí um sholáthar lánais, caithfidh siad táille iarratais a íoc leis an BAI. Is é an BAI a shocraíonn na táillí sin agus bíonn éagsúlacht iontu de réir fachtóirí ar nós: cineál na seirbhíse atá i gceist; fad an chonartha a bhfuil iarratas á dhéanamh air; méid an limistéir shaincheadúnais; agus cineál na seirbhíse atá á soláthar.

Ioncam Eile

Tugtar ioncam eile chun cuntais i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann sé.

Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Léirítear dímheas i leith na sócmhainní seasta inláimhsithe go léir agus ríomhtar é chun costas gach sócmhainne a dhíluacháil go dtí a luach iarmharach measta i gcaitheamh a shaolré úsáidí trí thráthchodanna bliantúla comhionanna mar seo a leanas:

-	Trealamh Ríomhaireachta	33%
-	Trealamh Oifige	20%
-	Daingneáin agus Feisteáin	10%
-	Feabhsúcháin Léasachta	10%
-	Clostrealamh / Trealamh Teicniúil	33%
-	Mótarfheithiclí	25%

Tá soláthar déanta do ráta 10% i leith na bhfeabhsúchán a rinneadh ar oifigí an Údaráis ag 2-5 Plás Warrington mar go meastar go gcoimeádfaidh an tÚdarás a thionacht sna hoifigí sin gan aon mhórfheabhsúchán a bheith de dhíth go ceann 10 mbliana ar a laghad. Beidh an léas ar na hoifigí sin caite in 2021.

Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

Pinsin

Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann scéim pinsin le sochar sainithe. Tá socrú déanta ag an Údarás leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha faoina gcúiteofar leis an Údarás gach airgead a bheidh de dhíth chun na hoibleagáidí pinsin a ghlanadh nuair a bheidh siad dlite. Mar chúiteamh air sin, tá ceangal ar an Údarás méid is ionann agus ranníocaíochtaí na bhfostaithe don bhliain a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha móide ranníocaíocht ón bhfostóir ag rátaí arna socrú ag an Roinn Airgeadais.

Is ionann na costais phinsin agus ranníocaíocht an fhostóra i leith na bliana.

Léirítear sna dliteanais phinsin an luach reatha atá ar íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá saothraithe ag an bhfoireann go dtí seo. Sócmhainn, a bhfuil a méid comhionann leis an tsócmhainn seo agus atá in ionannas le na méideanna a bheidh le haisíoc i dtréimhsí sa todhchaí ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le haghaidh pinsean de réir mar a bheidh siad dlite le híoc, aithnítear í bunaithe ar an socrú um chistiú pinsin atá i bhfeidhm.

Léasú

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

Cáin

Níl dliteanas ar an Údarás i leith Cáin Chorparáide. Bíonn an t-ioncam a bhailíonn an tÚdarás faoi réir CBL.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 € '000	2010 € '000
Ioncam			
Tobhach	1	5,602	5,655
Táillí Ceadúnúcháin	2	5	10
Ioncam Eile	3	506	397
Ioncam Comhlán		**6,113**	**6,062**
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil	9	334	332
Glanioncam		**6,447**	**6,394**
Caiteachas			
Costais Foirne	4	1,571	1,837
Costais Phinsin	13(c)	208	248
Táillí Chomhaltaí an BAI	11	111	107
Táillí Comhairleachta		545	579
Speansais Dhlíthiúla		83	283
Fógraíocht		43	46
Speansais Riaracháin		423	337
Luach Saothair na nIniúchóirí		11	15
Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha		426	480
Speansais Áitribh agus Ghaolmhara		923	896
Dímheas		373	372
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		-	3
		4,717	**5,203**
Barrachas/(Easnamh) san Ioncam de bhreis ar an gCaiteachas		**1,730**	**1,191**
Aisíoc Tobhaigh	1	(1,896)	(997)
(Easnamh)/Barrachas tar éis Aisíoc Tobhaigh		**(166)**	**194**
Iarmhéid ag tús na bliana		**742**	**548**
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**576**	**742**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1–15. D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 18 Meitheamh 2012 agus síníodh iad thar a cheann ag:

Cathaoirleach

Comhalta den Údarás

Príomhfheidhmeannach

Clár Comhardaithe

amhail ar an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 € '000	2010 € '000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	410	744
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	6	1,374	1,160
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		1,573	2,552
Taiscí Gearrthréimhseacha	7	1,508	-
		4,455	3,712
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	8	(3,879)	(2,470)
Saoráid Iasachta	15	-	(500)
		(3,879)	(2,970)
Glansócmhainní Reatha		576	742
Sócmhainn Iarchurtha Phinsin	13	5,165	4,251
Dliteanais Phinsin	13	(5,165)	(4,251)
Glansócmhainní		**986**	**1,486**
In ionannas le			
